GA 2023 14

Tuarascáil speisialta

# An clársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda

## Cláir chuimsitheacha ach go bhfuil easnaimh sna modhanna chun cistí a leithdháileadh agus san fhaireachán ar an tionchar

CURIA RATIONUM

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Ábhar


**Alt**

## Achoimre feidhmiúcháin — I-X

## Réamhrá — 01-13

### NDICI-An Eoraip Dhomhanda: ionstraim nua le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh — 01-07

### An próiseas don chlársceidealú — 08-13

## Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta — 14-17

## Barúlacha — 18-83

### Ní raibh an mhodheolaíocht le haghaidh leithdháileadh chistí NDICI-An Eoraip Dhomhanda go hiomlán trédhearcach, comhsheasmhach nó cuimsitheach — 18-32

Ní hiad na modheolaíochtaí céanna do leithdháileadh na gcistí atá in úsáid ag an gCoimisiún agus ag SEGS, in ainneoin gur aon ionstraim shonrach amháin atá acu — 20-24

Bhí an leithdháileadh le haghaidh tíortha Comharsanachta bunaithe ar mheasúnuithe cáilíochtúla nach raibh inchomparáideach agus nach raibh doiciméadú leordhóthanach ann dóibh — 25-27

Bhí an mhodheolaíocht don leithdháileadh le haghaidh tíortha Neamhchomharsanachta inchainníochtaithe, inchomparáideach agus trédhearcach, ach ní rabhthas docht go leor maidir lena cur i bhfeidhm — 28-32

### Bhíothas solúbtha leis na CITanna, ach glacadh déanach iad agus tá an scóip leathan a bhí leo in ann an bonn a bhaint ón tionchar — 33-70

Rinne an Coimisiún agus SEGS anailís ar na riachtanais a bhí ann do na réimsí comhair a raibh sé i gceist acu iad a chlúdach agus chuaigh siad i gcomhchomhairle le formhór na ngeallsealbhóirí — 35-46

Is baolach go mbainfear an bonn ón tionchar atá ag cistiú ón Aontas mar gheall ar an scóip leathan atá i gceist leis na réimsí tosaíochta atá roghnaithe — 47-54

Mar gheall go raibh moill ar Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a ghlacadh, bhí moill dá réir ar ghlacadh na CITanna — 55-59

Bhí méid suntasach d’obair bhreise ag teastáil le haghaidh na dtionscnamh comhpháirteach, agus chuir sé sin moill ar an gclársceidealú — 60-70

Ní raibh dóthain táscairí coiteanna sna CITanna chun an dul chun cinn ar leibhéal na hionstraime a thomhas **71-83**

Ní móide go mbeidh na táscairí sna CITanna roghnaithe in ann gnóthachain iarbhír a thomhas **72-77**

Ní raibh an creat coiteann maidir le torthaí atá eisithe ag an gCoimisiún trasuite go leordhóthanach fós ar fud na CITanna **78-83**

Conclúidí agus moltaí **84-90**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Amlíne an phróisis don ullmhúchán agus don chlársceidealú

Iarscríbhinn II –Minicíocht na CTEDanna

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Is í an ionstraim nua ar a dtugtar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (NDICI-An Eoraip Dhomhanda) an phríomhuirlis maoinithe atá ann chun comhar Eorpach le tíortha comhpháirtíochta a chur chun feidhme. Tá buiséad Eorpach iomlán de €79.5 billiún ag gabháil leis an ionstraim sin, agus clúdaíonn sí níos mó ná 70 % den mhaoiniú ón Aontas atá leithdháilte ar ghníomhaíocht sheachtrach le haghaidh thréimhse airgeadais 2021-2027. Sainítear i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda cad iad na himchlúdaigh airgeadais atá ann le haghaidh cláir gheografacha agus théamacha, le haghaidh dúshláin atá ag teacht chun cinn agus don chúlchiste tosaíochtaí.

**II** Is éard é an clársceidealú ná an próiseas trína ndéanann an tAontas Eorpach a chuid tosaíochtaí don chomhar idirnáisiúnta a shainiú. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda ná cláir tháscacha ilbhliantúla, ar bhonn tíre, réigiúin agus téamaí, a ullmhú agus a ghlacadh do thíortha Comharsanachta agus do thíortha Neamhchomharsanachta. Rinneamar iniúchóireacht ar na cláir gheografacha, ina sainítear na réimsí agus earnálacha tosaíochta i ngach tír chomhpháirtíochta le haghaidh tréimhse seacht mbliana (2021-2027) agus ina socraítear an t-imchlúdach airgeadais do na chéad cheithre bliana (2021-2024). Táimid ag dréim leis go gcuideoidh ár gcuid oibre le feabhas a chur ar an leithdháileadh airgeadais do na trí bliana eile ina dhiaidh sin (2025-2027) agus go n-úsáidfear ár gcuid oibre mar bhonn eolais nuair a bheidh an chéad chlárthréimhse eile á cur ar bun.

**III** Ba é ár gcuspóir ná measúnú a dhéanamh féachaint an ndearna an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) clársceidealú iomchuí ar NDICI-An Eoraip Dhomhanda.

**IV** Thángamar ar an gconclúid, ar an iomlán, go raibh cláir gheografacha chuimsitheacha deartha ag an gCoimisiún agus ag SEGS agus gur cláir iad a thug aghaidh ar raon leathan de riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus de thosaíochtaí an Aontais, ach go raibh easnaimh sna modheolaíochtaí a bhí in úsáid chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha comhpháirtíochta agus sa chaoi a raibh an creat faireacháin curtha ar bun.

**V** Cé go raibh an Coimisiún agus SEGS tar éis an cistiú a thabhairt le chéile in aon ionstraim amháin, bhí dhá mhodheolaíocht leithdháilte éagsúla in úsáid acu i dtaca le tíortha Comharsanachta agus le tíortha Neamhchomharsanachta.

**VI** Fuaireamar amach nach raibh modheolaíocht leithdháilte caighdeánaithe agus trédhearcach in úsáid ag an gCoimisiún agus SEGS le haghaidh na dtíortha Comharsanachta. Rinne an Coimisiún agus SEGS measúnuithe tíre insinte a bhí gearr agus nach bhféadfaí a chur i gcomparáid le chéile. Ní raibh ar ár gcumas na critéir leithdháilte i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a nascadh leis na leithdháiltí airgeadais.

**VII** Os a choinne sin, bhí na leithdháiltí chuig tíortha Neamhchomharsanachta ríofa ar bhealach níos inchomparáide agus níos trédhearcaí, a bhí ag tógáil ar fhoirmle a léirigh prionsabail an chlársceidealaithe. Tríd is tríd, bhí ar ár gcumas na ríomhanna a rinneamar a réiteach le figiúirí an Choimisiúin agus SEGS. D’aimsíomar easnaimh, áfach, sa chaoi ar cuireadh an fhoirmle seo i bhfeidhm a mhéid a bhain, i measc nithe eile, le bailiú agus próiseáil sonraí amha agus leis an doiciméadacht don phróiseas a bhí ag baint leis sin.

**VIII** Rinne an Coimisiún agus SEGS anailís ar an gcás ina raibh na tíortha comhpháirtíochta agus ar na riachtanais a bhí acu. Bhí na réimsí tosaíochta a roghnaíodh do gach clár ina réimsí leathana. Tugann sé sin solúbthacht chun oiriúnú do nithe a tharlódh gan choinne, ach is féidir leis teorainn a chur leis an bhfócas atá ag cistiú ón Aontas, rud a chruthaíonn an baol nach mbeidh tionchar ard bainte amach. Mar gheall go raibh moill ar Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a ghlacadh, bhí moill dá réir ar ghlacadh na CITanna.

**IX** Bhí táscairí feidhmíochta ábhartha sna cláir tháscacha ilbhliantúla, agus cé go raibh líon mór díobh ann ní raibh sé éigeantach na táscairí sin a úsáid. Táscairí sonracha a bhí i dtromlach mór na dtáscairí, ach i gcás níos mó ná 20 % díobh bhí na bunlínte agus na spriocanna doiléir nó ní raibh bunlínte ná spriocanna ar chor ar bith iontu. Thairis sin, is é an toradh a bheidh ar tháscairí coiteanna AE a úsáid ar bhealaí éagsúla agus ar bhealach nach bhfuil comhsheasmhach ná go gcuirfear teorainn ar an bhféidearthacht na torthaí sin a chomhiomlánú.

**X** Ar bhonn na gconclúidí sin, molaimid don Choimisiún agus do SEGS an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar an modheolaíocht chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha Comharsanachta, agus an mhodheolaíocht sin a chaighdeánú, a dhéanamh inchomparáideach agus a dhéanamh trédhearcach;

- an mhodheolaíocht chun leithdháiltí a shuíomh do thíortha Neamhchomharsanachta a dhoiciméadú tuilleadh agus a chur i bhfeidhm go docht;
- an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag tacaíocht ón Aontas a shoiléiriú;
- fócas a chur le raon feidhme an phróisis don chlársceidealú;
- táscairí na gclár ilbhliantúil táscach a shimplí agus a chinntiú go mbaintear úsáid astu ar bhealach comhsheasmhach.

# Réamhrá

## NDICI-An Eoraip Dhomhanda: ionstraim nua le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh

**01** Is í an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (NDICI-An Eoraip Dhomhanda) an phríomhuirlis airgeadais atá ann chun comhar Eorpach le tíortha comhpháirtíochta a chur chun feidhme. Clúdaíonn an ionstraim sin níos mó ná 70 % den mhaoiniú ón Aontas a leithdháiltear ar ghníomhaíocht sheachtrach faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 (féach *Tábla 1*).

### Tábla 1 – Buiséad ghníomhaíocht sheachtrach AE (praghsanna reatha)

| Ionstraim | Méid (milliún euro) | Sciar de Cheannteideal 6 |
|---|---|---|
| NDICI-An Eoraip Dhomhanda | 79 462 | 72 % |
| An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais | 14 162 | 13 % |
| Cabhair dhaonnúil | 11 569 | 10 % |
| An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála | 2 679 | 2 % |
| Tíortha agus críocha thar lear, an Ghraonlainn san áireamh | 500 | 1 % |
| Eile | 2 225 | 2 % |
| Iomlán do Cheannteideal 6 (An chomharsanacht agus an domhan) de CAI 2021-2027 | 110 597 | 100 % |

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**02** Glacadh NDICI-An Eoraip Dhomhanda i Meitheamh 2021[1] le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2021. Chumasc sé roinnt ionstraimí a úsáideadh chun gníomhaíocht sheachtrach ó 2014 go 2020 a chur chun feidhme (féach ***Fíor 1***), a raibh cuid díobh sin nach raibh san áireamh i mbuiséad an Aontais. Tríd an gcumasc ionstraimí sin, tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a ardaíodh sa mheasúnú tionchair ar NDICI[2] agus i meastóireachtaí éagsúla a rinneadh ar na hionstraimí roimhe sin, amhail gnéithe den chúnamh a bheith ag forluí ar a chéile, cuspóirí dibhéirseacha, easpa solúbthachta, an gá a bhí le simpliú[3], príomhshruthú níos fearr agus cur chuige níos straitéisí[4].

---

[1] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.


[2] An Coimisiún Eorpach. Measúnú tionchair a ghabhann leis an doiciméad dar teideal 'Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta, SWD(2018) 337 final.

[3] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, SWD(2017) 600 final, lch. 20; Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, SWD(2017) 601 final, lch. 22; Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin., Meastóireacht ar an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta, SWD(2017) 602 final, lch. 32; Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Tuarascáil ar an athbhreithniú meántéarma ar na hionstraimí maoinithe sheachtraigh, COM(2017) 720 final, lgh. 10, 13 agus 19.

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Tuarascáil ar an athbhreithniú meántéarma ar na hionstraimí maoinithe sheachtraigh, COM(2017) 720 final, lch. 20.

An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Chomhleanúnachais – Léargais ón meastóireacht sheachtrach ar na hionstraimí maoinithe sheachtraigh, Iúil 2017, lch. 20.

## Fíor 1 – Ionstraimí AE don ghníomhaíocht sheachtrach (2014-2020 i gcomparáid le 2021-2027)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid an Choimisiúin.

**03** Tá NDICI-An Eoraip Dhomhanda comhdhéanta de thrí cholún:

- colún geografach (€60 388 milliún) don chomhar Eorpach leis na ceithre réigiún seo a leanas: an Afraic fho-Shahárach, an Chomharsanacht, an Áise agus an tAigéan Ciúin, Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib;
- colún téamach (€6 358 milliún) atá ina chomhlánú ar an gcolún geografach a thugann tacaíocht do na réimsí seo a leanas: cearta an duine agus an daonlathas, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, síocháin, cobhsaíocht agus cosc coinbhleachtaí, agus dúshláin dhomhanda;

- colún mearfhreagartha nach mbaineann clársceideal leis (€3 182 milliún), a bhfuil sé mar aidhm aige freagairt go mear do ghéarchéimeanna, tacú le cosc coinbhleachta, an teacht aniar atá i stáit, sochaithe, pobail agus daoine aonair a mhéadú, cabhair dhaonnúil agus gníomhaíocht forbraíochta a nascadh, agus luathghníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí an bheartais eachtraigh a áirithiú.

**04** Sa bhreis air sin, tá cúlchiste le haghaidh dúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ann (€9 534 milliún) atá ag freastal ar riachtanais agus tosaíochtaí nach bhféadfaí a thuar. Is féidir an cúlchiste sin a úsáid chun airgead breise a chur isteach sna trí cholún atá luaite anseo thuas.

**05** I gcás na gcolún geografach agus téamach, caitear cláir ilbhliantúla tháscacha (CITanna) a tharraingt suas lena n-aghaidh ina leagtar síos na tosaíochtaí agus na cuspóirí i gcomhair tréimhse seacht mbliana chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sainaitheanta.

**06** Maidir le gníomhaíochtaí a chistítear faoin gcolún geografach, déantar iad sin a chur chun feidhme faoi na cláir thíre agus réigiúnacha. Maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus[5] (CEFI+), uirlis airgeadais chun infheistíochtaí a ghiaráil trí ráthaíochtaí a sholáthar agus trí dheontais ón Aontas a nascadh le hiasachtaí bainc (meascadh), tá sé sin clúdaithe freisin sna CITanna geografacha sin. Thairis sin, chuaigh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát i bpáirt le chéile mar Fhoireann na hEorpa[6] in 2020, trína ndearna siad a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú go comhpháirteach faoi Thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa (féach mír ***63***).

**07** Tugann na cláir théamacha tacaíocht do thionscnaimh dhomhanda agus thrasréigiúnacha, tugann siad cosaint do mhaoin phoiblí dhomhanda nó tugann siad aghaidh ar dhúshláin dhomhanda. Is féidir iad a úsáid freisin i dtíortha nach bhfuil CIT tíre acu (Airteagal 4(5) de Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda).

---

[5] Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta – an leathanach gréasáin don Chiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus.

[6] Comhpháirtíocht Idirnáisiúnta – an leathanach gréasáin do Thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa.

## An próiseas don chlársceidealú

**08** Is éard é an clársceidealú ná an próiseas trína ndéanann an tAontas Eorpach a chuid tosaíochtaí don chomhar idirnáisiúnta a shainiú. I gCaibidil I (Teideal II) de Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda, tugtar tuairisc ar an gclársceidealú. I gCaibidil II, tugtar na forálacha sonracha maidir le limistéir na Comharsanachta. Cuireann Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda béim ar an tábhacht atá le hidirphlé le Ballstáit an Aontais agus leis na tíortha comhpháirteacha lena mbaineann agus go ndéanfaí na cláir a ailíniú le timthriallta straitéiseacha na dtíortha comhpháirtíochta. Soláthraíonn clársceidealú na gclár geografach creat sonrach don chomhar, atá bunaithe ar phrionsabail don chlársceidealú atá ann le haghaidh na dtíortha go léir (Airteagal 13(2)), arna chomhlánú le forálacha sonracha don Chomharsanacht (Airteagal 19(2)) (féach ***Fíor 2***).

## Fíor 2 – Critéir don leithdháileadh agus prionsabail don chlársceidealú

| **Cláir gheografacha**<br>***prionsabail don chlársceidealú***<br><br>**Bunaithe ar Airteagal 13(2) de Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda** | | **Forálacha sonracha do thíortha na Comharsanachta**<br>***critéir don leithdháileadh***<br><br>**Bunaithe ar Airteagal 19(2) de Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda** |
|---|---|---|
| *riachtanais*, déanta amach bunaithe ar **chritéir shonracha**, agus aird á tabhairt ar na nithe seo a leanas: an daonra, bochtaineacht, neamhionannais, forbairt dhaonna, leochaileacht eacnamaíoch agus chomhshaoil, agus an teacht aniar atá sa stát agus sa tsochaí, chomh maith le tionchar géarchéimeanna fadtréimhseacha a tharlaíonn arís agus arís eile | **Riachtanais**<br>1 | *riachtanais*, ag úsáid **táscairí** amhail daonra, neamhionannais agus an leibhéal forbartha |
| *cumas agus tiomantas na gcomhpháirtithe* do chur chun cinn luachanna, prionsabal agus leasanna comhroinnte, lena n-áirítear **cearta an duine, saoirsí bunúsacha, an daonlathas, an smacht reatha, an dea-rialachas, comhrac an éillithe, spás sibhialta oscailte** agus **comhionannas inscne**, chomh maith le tacú le comhspriocanna agus le comhghuaillíochtaí iltaobhacha agus comhar iltaobhach, le córas idirnáisiúnta riailbhunaithe, mar aon le cur chun cinn thosaíochtaí an Aontais<br><br>*gealltanais na gcomhpháirtithe*, lena n-áirítear na gealltanais sin **a comhaontaíodh go comhpháirteach leis an Aontas**, agus **feidhmíocht** atá déanta amach bunaithe ar chritéir amhail athchóiriú polaitiúil; agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus **úsáid éifeachtach na cabhrach**, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí agus leibhéal forbartha na dtíortha comhpháirtíochta<br><br>*acmhainneachtaí na gcomhpháirtithe* ó thaobh **acmhainní baile** a shlógadh agus úsáid éifeachtach a bhaint astu, agus rochtain a bheith acu ar acmhainní airgeadais, acmhainní a bhainistiú go trédhearcach chun tacú le tosaíochtaí forbartha náisiúnta agus lena **n-acmhainneachtaí ionsúcháin** | **Tiomantais agus acmhainneachtaí**<br>2 | *tiomantas agus dul chun cinn* i leith **cuspóirí maidir le hathchóiriú** polaitiúil, eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta atá **comhaontaithe go comhpháirteach** a chur chun feidhme<br><br>*tiomantas agus dul chun cinn* i leith **daonlathas domhain agus inbhuanaithe** a fhorbairt, i leith an **smachta reachta, an dea-rialachais, chearta an duine** agus i leith **chomhrac an éillithe**<br><br>**comhpháirtíocht leis an Aontas**, lena n-áirítear leibhéal uaillmhéine na comhpháirtíochta sin<br><br>**acmhainneacht ionsúcháin** |
| *an tionchar a d'fhéadfadh a bheith* ag **cistiú ón Aontas** i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin chomhpháirtíochta | **Tionchar féideartha**<br>3 | *an tionchar a d'fhéadfadh a bheith* ag **tacaíocht ón Aontas** faoin ionstraim |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/947.

**09** Tá an próiseas do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda comhdhéanta de dhoiciméid don chlársceideal – CITanna – a tharraingt suas agus a ghlacadh. Déanann toscaireachtaí de chuid an Aontais na CITanna tíre a cheapadh, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), go háirithe an Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA), an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) agus an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh (IBE). Déanann an Coimisiún agus SEGS cláir réigiúnacha agus théamacha a tharraingt suas freisin, tar éis dóibh dul i gcomhchomhairle leis na toscaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus le seirbhísí eile sa Choimisiún. Tugann na Ballstáit a mbarúlacha ar an ábhar i gcoiste NDICI-An Eoraip Dhomhanda. Is é Coláiste Choimisinéirí an Choimisiúin a ghlacann an cinneadh críochnaitheach. I *bhFíor 3*, taispeántar an chaoi a bhfuil na freagrachtaí deighilte.

## Fíor 3 – Na freagrachtaí sa phróiseas don chlársceidealú

| | | |
|---|---|---|
| Roghnú na réimsí tosaíochta agus na n-earnálacha idirghabhála de réir tíre | **Cláir gheografacha**<br>*(Cláir thíre, réigiúnacha agus ERASMUS+ cláir ilbhliantúla tháscacha – CITanna)* | **Ceannas:** SEGS<br>AS INTPA, AS NEAR, IBE |
| | **Cláir théamacha:**<br>Cearta an Duine agus an Daonlathas;<br>An tSíocháin, an Chobhsaíocht agus Cosc Coinbhleachtaí | **Ceannas:** SEGS<br>AS INTPA, AS NEAR, IBE |
| | **Cláir théamacha:**<br>Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta;<br>Dúshláin Dhomhanda | **Ceannas:** AS INTPA<br>SEGS, AS NEAR, IBE, seirbhísí eile |
| Imchlúdaigh thíre | **Leithdháileadh cistiúcháin** | **Ceannas:** SEGS<br>AS INTPA, AS NEAR, IBE |
| Glacadh na gclár | **Comhairliúchán idirsheirbhíse**<br>↓<br>**Tuairim ó choiste NDICI**<br>↓<br>**Glacadh ag an gColáiste** | |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid inmheánacha an Choimisiúin

**10** Faoi mhí na Nollag 2022, bhí CITanna glactha ag an gCoimisiún do 102 thír chomhpháirtíochta, cúig réigiún (an Afraic fho-Shahárach, Comharsanacht an Deiscirt, Comharsanacht an Oirthir, an Áise agus an Mhuir Chiúin, agus Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib) agus ceithre chlár théamacha, chomh maith le CIT do chlár Erasmus+. Níl CITanna molta fós d'fhonn a nglactha ag seacht dtír chomhpháirtíochta, mar gheall ar an staid ar leith ina bhfuil siad. Níl na CITanna do Mharacó agus don Túinéis tugtha chun críche fós mar gheall nach bhfuil bunús don chlársceidealú ann a bheadh le fáil i ndoiciméad comhpháirteach.

**11** Cé gur tréimhse seacht mbliana a bhíonn á gclúdach ag cláir chistithe, is le haghaidh tréimhse ceithre bliana (2021-2024) amháin atá na cistí sna CITanna do thíortha comhpháirtíochta leithdháilte ag an gCoimisiún agus ag SEGS. Déanfar an chuid eile de na cistí a dháileadh i ndiaidh athbhreithniú meántéarma, a bheidh bunaithe ar an eolas a thiocfaidh as meastóireacht mheántéarma atá le tabhairt chun críche faoi mhí na Nollag 2024 (féach mír ***54***).

**12** Chun tionchar chomhar comhchoiteann an Aontais Eorpaigh a mhéadú, tá Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda go mór i bhfách le clársceidealú comhpháirteach aon uair is indéanta sin agus aon uair is iomchuí. Tarlaíonn clársceidealú comhpháirteach nuair a chomhaontaíonn an tAontas agus a chuid Ballstát, in éineacht leis na gníomhaireachtaí náisiúnta forbraíochta agus na hinstitiúidí maoinithe, go ndéanfaidh siad doiciméad coiteann don chlársceidealú ilbhliantúil a ghlacadh ina leagtar amach an comhar a bheidh acu le tír chomhpháirtíochta.

**13** Is é NDICI-An Eoraip Dhomhanda a mhúnlaíonn an chabhair um fhorbairt ón Aontas agus an comhar seachtrach le haghaidh thréimhse iomlán CAI. Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh próiseas cuí don chlársceidealú ann chun a chinntiú go dtugann tacaíocht ón Aontas aghaidh ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta, agus ag an am céanna go gcuirtear san áireamh cé chomh tiomanta atá siad d'athchóirithe a dhéanamh, cén acmhainneacht náisiúnta atá acu agus cá mhéad ranníocaíocht atá ag teacht ó dheontóirí eile. Tá dea-chlársceidealú, dá bhrí sin, ina choinníoll bunriachtanach do thabhairt i gcrích éifeachtach agus do thionchar níos fearr a imirt, ar dhá rud iad sin atá an tAontas tiomanta dá mbaint amach[7].

[7] Dearbhú Pháras maidir le héifeachtacht na cabhrach, Clár gnó Accra le haghaidh gníomhaíochta agus Fóram ardleibhéil Busan maidir le héifeachtacht na cabhrach.


# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**14** Is é an cuspóir a bhí lenár n-iniúchadh ná measúnú a dhéanamh féachaint an raibh clársceidealú iomchuí déanta ag an gCoimisiún agus ag SEGS ar NDICI-An Eoraip Dhomhanda agus moltaí a dhéanamh ó thaobh feabhas a chur ar na próisis don chlársceidealú amach anseo, go háirithe ionchur a sholáthar don athbhreithniú meántéarma ar NDICI-An Eoraip Dhomhanda in 2024. Chun an phríomhcheist iniúchóireachta seo a fhreagairt, bhreithníomar trí fho-cheist:

- An ndearna an Coimisiún agus SEGS cistí NDICI-An Eoraip Dhomhanda a leithdháileadh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht stuama a bhí bunaithe ar phrionsabail straitéiseacha?
- An ndearna an Coimisiún agus SEGS réimsí agus earnálacha tosaíochta a roghnú bunaithe ar mheasúnú cuí ar an staid forbraíochta agus ar riachtanais forbraíochta?
- An raibh cur chuige cuimsitheach i leith faireachán ar na torthaí le haghaidh NDICI-An Eoraip Dhomhanda leagtha amach sna doiciméid don chlársceidealú?

**15** Mar chuid dár n-obair rinneamar léirbhreithniú ar dhoiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin agus SEGS, lena n-áirítear treoracha, treoraíocht, páipéir oibre, cinntí agus tuarascálacha. Rinneamar an t-iniúchadh bunaithe ar léirbhreithniú ar na CITanna tíre go léir a bhí glactha faoin 31 Bealtaine 2022 (89 ar an iomlán). Sa léirbhreithniú sin scrúdaíomar topaicí cothrománacha, amhail réimsí tosaíochta, clársceidealú comhpháirteach, tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa, CEFI+ nó táscairí faireacháin. Rinneamar anailís freisin ar thráthúlacht lainseáil na CITanna. Sa bhreis air sin, rinneamar grinnanailís ar shampla de naoi CIT tíre (an tSeineagáil, Mailí, an Ghuine, an Chambóid, Vítneam, Laos, an Úcráin, an Airméin agus an Asarbaiseáin) sna trí réigiún gheografacha a bhfuil an ábharthacht airgeadais is airde ag gabháil leo: an Afraic fho-Shahárach, Comharsanacht an Oirthir, agus an Áise agus an tAigéan Ciúin. I ngach réigiún inár sampla, thugamar cuairt ar thír amháin (an tSeineagáil, an Airméin agus an Chambóid) agus rinneamar léirbhreithnithe deisce do na tíortha eile inár sampla (féach ***Fíor 4***). Scrúdaíomar na CITanna réigiúnacha a bhain leis na tíortha inár sampla chun comhlántachtaí nó forluíonna féideartha idir na CITanna réigiúnacha agus na CITanna tíre a shainaithint.

## Fíor 4 – Cláir ilbhliantúla tháscacha atá clúdaithe san iniúchadh




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na CITanna.

**16** Rinneamar léirbhreithniú ar an leithdháileadh airgeadais, ar réimsí tosaíochta, ar earnálacha (bunaithe ar fhaisnéis chóid an Choiste Cúnaimh Forbartha (CCF)), ar tháscairí pleanáilte, ar thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa agus ar leithdháileadh CEFI+ do gach tír. Don sampla, rinneamar anailís ar rogha na n-earnálacha don chomhar, ar an gcomhordú idir na deontóirí, ar chomhairliúcháin le húdaráis náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta, ar chomhleanúnachas le cláir réigiúnacha agus théamacha agus ar na socruithe faireacháin a bhí i bhfeidhm. Mar chomhlánú ar ár n-anailís, bhí agallaimh againn le SEGS, leis an gCoimisiún, le toscaireachtaí de chuid an Aontais agus le geallsealbhóirí éagsúla (e.g. deontóirí, aireachtaí agus eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta) sna tíortha ar thugamar cuairt orthu.

**17** Bhí fócas na hiniúchóireachta ar na cláir gheografacha, go háirithe na CITanna tíre (féach mír *03*).

# Barúlacha

## Ní raibh an mhodheolaíocht le haghaidh leithdháileadh chistí NDICI-An Eoraip Dhomhanda go hiomlán trédhearcach, comhsheasmhach nó cuimsitheach

**18** Is trí Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda[8] a dhéantar amach cad iad na himchlúdaigh airgeadais atá ann le haghaidh cláir gheografacha agus théamacha, le haghaidh gníomhaíochtaí mearfhreagartha agus don chúlchiste le haghaidh dúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn (féach *Tábla 2*).

### Tábla 2 – Imchlúdach airgeadais NDICI-An Eoraip Dhomhanda (2021-2027)

| | Imchlúdach airgeadais (milliún euro) | Sciar de bhuiséad iomlán NDICI-An Eoraip Dhomhanda |
|---|---:|---:|
| **Cláir gheografacha:** | **60 388** | **76 %** |
| An Afraic fho-Shahárach | ar a laghad 29 181 | 37 % |
| An Chomharsanacht | ar a laghad 19 323 | 24 % |
| An Áise agus an tAigéan Ciúin | 8 489 | 11 % |
| Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib | 3 395 | 4 % |
| **Cláir théamacha** | **6 358** | **8 %** |
| Cearta an Duine agus an Daonlathas | 1 362 | 2 % |
| Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta | 1 362 | 2 % |
| An tSíocháin, an Chobhsaíocht agus Cosc Coinbhleachtaí | 908 | 1 % |
| Dúshláin Dhomhanda | 2 726 | 3 % |
| **Gníomhaíochtaí mearfhreagartha** | **3 182** | **4 %** |
| **An cúlchiste le haghaidh dúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn** | **9 534** | **12 %** |
| **IOMLÁN NDICI-An Eoraip Dhomhanda** | **79 462** | 100 % |

*Foinse:* Rialachán (AE) 2021/947.

**19** Rinneamar measúnú ar an gcaoi a ndearnadh cistí NDICI-An Eoraip Dhomhanda a leithdháileadh ar na CITanna tíre go léir. Go sonrach, rinneamar anailís féachaint an raibh leithdháiltí airgeadais bunaithe ar mheasúnuithe comhsheasmhacha, trédhearcacha, intomhaiste agus inchomparáideacha a bhí mar léiriú ar na príomhphrionsabail don leithdháileadh agus don chlársceidealú atá luaite i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda (féach mír ***08*** agus ***Fíor 2***). Sheiceálamar an ndearna an Coimisiún agus SEGS rannchuidithe féideartha ó dheontóirí eile a chur san áireamh ina gcuid measúnuithe mar go bhfuil tionchar aige sin ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus ar acmhainneacht ionsúcháin na dtíortha sin, chomh maith leis an riosca go dtarlódh calaois. Scrúdaíomar freisin cé chomh hiontaofa a bhí an mhodheolaíocht don leithdháileadh a úsáideadh le haghaidh tíortha Neamhchomharsanachta agus scrúdaíomar an réasúnú a tugadh le haghaidh aon choigeartú *ad hoc*.

## Ní hiad na modheolaíochtaí céanna do leithdháileadh na gcistí atá in úsáid ag an gCoimisiún agus ag SEGS, in ainneoin gur aon ionstraim shonrach amháin atá acu


**20** Rinne an Coimisiún agus SEGS cistí a asbhaint as na himchlúdaigh gheografacha ionas go gclúdófaí costais riaracháin, ERASMUS+, tosaíochtaí réigiúnacha, comhar trasteorann (le haghaidh tíortha Comharsanachta), agus infheistíochtaí eile. Is ansin a leithdháil siad an chuid a bhí fágtha de na cistí i measc na CITanna tíre a bhí molta. I ***bhFíor 5*** agus i ***bhFíor 6***, taispeántar an miondealú ar na himchlúdaigh, de réir mar atá leagtha síos sa Rialachán, atá ar fáil do na réigiúin Chomharsanachta agus do na réigiúin Neamhchomharsanachta.

[8] Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda.

**21** Bhí an t-imchlúdach don Chomharsanacht deighilte idir tíortha i gComharsanacht an Oirthir (an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin) agus tíortha i gComharsanacht an Deiscirt (an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, an Phalaistín, an tSiria agus an Túinéis); iad ag fáil, faoi seach, aon trian agus dhá thrian den leithdháileadh airgeadais. Tá sé mar aidhm ag Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda cothromaíocht gheografach leormhaith a chinntiú (aithris 27). Níl na cóimheasa d’aon trian agus dhá thrian sonraithe i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda, ach tháinig siad sin as an gclárthréimhse roimhe sin (2014-2020). I gConclúidí na Comhairle Eorpaí a eisíodh i mí Iúil 2020[9], athdhearbhaítear an gá atá le cothromaíocht gheografach leormhaith a choimeád, ach ní shonraítear an cóimheas.


[9] Conclúidí na Comhairle Eorpaí. Cruinniú speisialta den Chomhairle Eorpach (17, 18, 19, 20 agus 21 Iúil 2020), mír 120, lch. 55.

## Fíor 5 – Miondealú ar an imchlúdach don Chomharsanacht




*Foinse:* CIE.

## Fíor 6 – Miondealú ar an imchlúdach don Neamhchomharsanacht




*Foinse:* CIE.

**22** In ainneoin gur aon ionstraim shonrach amháin atá ann, baineann an Coimisiún agus SEGS úsáid as dhá mhodheolaíocht éagsúla chun leithdháiltí airgeadais a leagan síos ar fud na gclár geografach. I gcás na dtíortha Neamhchomharsanachta, is cur chuige cainníochtúil a bhí ann; bunaithe ar shonraí a bailíodh a ndearnadh coigeartuithe cáilíochtúla orthu ina dhiaidh sin. Rinneadh na sonraí a bailíodh (i bhfoirm táscairí) a thiontú go luachanna uimhriúla coigeartaithe agus rinneadh na leithdháiltí a ríomh ag baint úsáid as foirmle (féach míreanna *28*-*32*).

**23** Measann an Coimisiún agus SEGS nach mbeadh cur chuige cainníochtúil oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na sainghnéithe atá ag roinnt le tíortha Comharsanachta. Tharraing na seirbhísí atá bainteach leis seo aird ar an líon teoranta tíortha atá i réigiúin na Comharsanachta agus ar na difríochtaí suntasacha atá idir na tíortha sin ó thaobh daonra agus forbairt dhaonna de. De réir an Choimisiúin agus SEGS, bheadh cur chuige cainníochtúil faoi mar atá ann do thíortha Neamhchomharsanachta ag dul chun fabhair do thíortha a bhfuil daonra ard iontu agus theastódh an iomarca coigeartuithe chun aird chuí a thabhairt ar riachtanais chomhair. Mar sin féin, d'fhéadfadh luach uasta a bheith leagtha síos ag an gCoimisiún agus SEGS – faoi mar a rinne siad leis an daonra agus leis an Ollioncam Náisiúnta le haghaidh tíortha Neamhchomharsanachta.

**24** Is í an chúis a bhí le roinnt ionstraimí a chumasc in aon ionstraim amháin ná go raibh sé sin ceaptha níos mó comhleanúnachais a chruthú i réimse na gníomhaíochta seachtraí, chomh maith le nósanna imeachta a shimplí agus feabhas a chur ar thrédhearcacht sa chaiteachas. Trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí éagsúla don leithdháileadh le haghaidh tíortha i réigiúin gheografacha dhifriúla, níltear ag rannchuidiú leis na spriocanna sin. Thairis sin, cuireann sé bac ar inchomparáideacht agus trédhearcacht na measúnuithe agus na leithdháiltí airgeadais atá ag freagairt do na measúnuithe sin.

## Bhí an leithdháileadh le haghaidh tíortha Comharsanachta bunaithe ar mheasúnuithe cáilíochtúla nach raibh inchomparáideach agus nach raibh doiciméadú leordhóthanach ann dóibh

**25** Rinne an Coimisiún agus SEGS measúnuithe insinte a bhí gearr i gcás na dtíortha Comharsanachta, ag tagairt do na critéir atá i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda (féach ***Fíor 2***). Ní raibh an tSiria, an Libia, Iosrael ná an Bhealarúis curtha san áireamh i gcur i bhfeidhm na modheolaíochta cáilíochtúla, mar nach raibh an Coimisiún agus SEGS ag súil le haon CITanna a fháil do na tíortha sin mar gheall ar chúinsí polaitiúla.

**26** Fuaireamar, áfach, nach raibh an 12 mheasúnú sin inchomparáideach, mar nár clúdaíodh na critéir chéanna don leithdháileadh iontu ar bhealach córasach agus nach raibh an fhoclaíocht sna measúnuithe éagsúla de réir a chéile (féach ***Bosca 1***). Thairis sin, ní raibh aon fhianaise ann a thacódh leis na critéir bhunúsacha a úsáideadh do na measúnuithe (e.g. trí fhigiúirí a chur iontu a thabharfadh bonn cirt don acmhainneacht ionsúcháin ard nó an-ard a bhí tuairiscithe sa mheasúnú). Ós rud é nach raibh caighdeánú déanta ar na measúnuithe ar riachtanais, ar an tiomantas, ar an dul chun cinn ó thaobh athchóirithe a chur chun feidhme, ar leibhéal na comhpháirtíochta agus ar an acmhainneacht ionsúcháin, ní raibh ar ár gcumas nasc a aimsiú idir na leithdháiltí airgeadais agus an rangú a bhí tugtha do na tíortha de réir na gcritéar a bhí leagtha síos. Sa bhreis air sin, níor chuir an Coimisiún agus SEGS ranníocaíochtaí féideartha ó dheontóirí eile san áireamh. Cé nach ceann de na critéir don leithdháileadh atá i dtacaíocht ó dheontóirí, tá tionchar aige sin ar mheasúnú riachtanas agus ar acmhainneacht ionsúcháin.

### Bosca 1

### Samplaí de mheasúnuithe neamh-inchomparáideacha ar thíortha Comharsanachta

Ní dhearnadh na gnéithe seo a leanas a mheasúnú go cuimsitheach sna measúnuithe insinte gearra ar na tíortha Comharsanachta a rinne an Coimisiún agus SEGS:

- na leibhéil den ‘fhorbairt dhaonna arna coigeartú de réir éagothromaíochta’ mar tháscaire ar riachtanais: ní dhearnadh é seo a mheasúnú ach do sheacht gcinn de na 12 thír, agus ní raibh aon doiciméadú ann do na critéir aicmiúcháin (íseal/meánach/ard) in ainneoin go raibh siad bunaithe ar tháscaire inchainníochtaithe;
- acmhainneacht ionsúcháin na dtíortha comhpháirtíochta: bhain an Coimisiún úsáid as leaganacha an-éagsúla den fhoclaíocht nach raibh inchomparáideach (e.g. ‘beagán níos ísle ná an meán don réigiún’, ‘níos ísle ar bhonn comparáideach ná an chuid is mó de na comhpháirtithe sa réigiún’, etc.);
- Olltáirgeacht Intíre *per capita*: is do Mharacó, don Libia agus don Ailgéir amháin a luadh é seo.

**27** Maidir le leithdháiltí airgeadais na CITanna tíre a bhí molta d'fhonn a nglactha, tá siad sin ag éirí as na measúnuithe sin agus as caibidlíochtaí inmheánacha a léiríonn an comhthéacs polaitiúil agus a chuireann an leibhéal comhair san áireamh. Is critéir cháilíochtúla go príomha atá sna critéir don leithdháileadh, de réir an rialacháin. Ní dhearnadh iad a thiontú go tosca intomhaiste ar bhealach a bheadh caighdeánach agus inchomparáideach. Dá bhrí sin, ní raibh muid in ann an próiseas don leithdháileadh airgeadais a chruthú as an nua.

## Bhí an mhodheolaíocht don leithdháileadh le haghaidh tíortha Neamhchomharsanachta inchainníochtaithe, inchomparáideach agus trédhearcach, ach ní rabhthas docht go leor maidir lena cur i bhfeidhm

**28** D'oibrigh an Coimisiún agus SEGS le chéile chun modheolaíocht don leithdháileadh a leagan síos a bhí bunaithe ar fhoirmle a bhí ina léiriú ar na prionsabail don chlársceidealú atá luaite in Airteagal 13(2) den Rialachán, go sonrach riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta (lena n-áirítear tosca amhail an daonra agus an t-ollioncam náisiúnta per capita) agus a bhfeidhmíocht i saincheisteanna rialachais.

**29** Tá sé níos trédhearcaí úsáid a bhaint as modheolaíocht chainníochtúil don leithdháileadh, agus éascaíonn sé an rian iniúchóireachta; rud a chiallaíonn gur féidir an mhodheolaíocht a úsáideadh a athchruthú ar bhonn neamhspleách agus dá réir sin comparáideacht a bheith ann idir na tíortha.

**30** Maidir leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm, áfach, níor áirigh sí nósanna imeachta caighdeánaithe agus doiciméadaithe (féach ***Fíor 7***) don mhéid seo a leanas:

- a shonrú cad iad na táscairí a úsáideadh agus cén chúis a bhí lena roghnú, mar go bhféadfadh modhanna difriúla ríofa a bheith ann (e.g. úsáideann an Banc Domhanda seacht modh éagsúla chun an t-ollioncam náisiúnta *per capita* a thomhas);
- a shonrú cad iad na foinsí sonraí atá le húsáid mar aon leis an mbliain ábhartha, chun trédhearcacht a chinntiú;
- an fhaisnéis bhunaidh neamhphróiseáilte (comhaid don asbhaint) a choimeád, agus a thaispeáint cén chaoi a bhfuil na sonraí amha sin nasctha leis na sonraí próiseáilte agus normálaithe;
- sonraí eile a aimsiú i gcomhair sonraí atá in easnamh;

- tíortha a bhaint as an modheolaíocht ríofa, rud a bhfuil tionchar aige ar na leithdháiltí do na tíortha eile sa réigiún céanna.

**31** Thairis sin, níor chuir an mhodheolaíocht do na leithdháiltí tíre dhá phrionsabal don chlársceidealú san áireamh: slógadh agus úsáid éifeachtach acmhainní intíre, agus an acmhainneacht ionsúcháin (féach ***Fíor 7***). D'fhéadfadh sé sin a bheith ina riosca d'éifeachtacht an chaiteachais sna tíortha comhpháirtíochta.

**32** Rinneamar léirbhreithniú freisin ar iontaofacht na sonraí amha a bhí bailithe agus úsáidte ag an gCoimisiún, trí athphróiseáil a dhéanamh ar na sonraí agus tríd an bhfoirmle a rith arís ag baint úsáid as luachanna coigeartaithe an Choimisiúin do gach ceann de na tíortha a fuair cistí. Chuireamar na ríomhanna a rinneamar i gcomparáid le torthaí an Choimisiúin agus SEGS. Tríd is tríd, bhí ar ár gcumas na ríomhanna a rinneamar a réiteach le figiúirí an Choimisiúin agus SEGS. Fós féin, d'aimsíomar roinnt easnamh (féach ***Fíor 7***).

## Fíor 7 – Anailís na Cúirte Iniúchóirí ar mhodheolaíocht an Choimisiúin don leithdháileadh

| Próiseas | Uimh. | Tuairim |
|---|---|---|
| **Riachtanais an chomhpháirtí** cúig imthoisc / **Acmhainneacht agus tiomantas an chomhpháirtí** aon toisc amháin | 1 | Níl tosca ann dóibh seo:<br>• slógadh agus úsáid éifeachtach acmhainní baile ag tíortha<br>• acmhainneacht ionsúcháin na dtíortha |
| **Sonraí amha a bhailiú** ó ocht mbunachar sonraí / **Sonraí amha a bhailiú** ó aon bhunachar sonraí amháin | 2 | Is é an gnáthchleachtas ná taifead a choimeád de na sonraí amha bunaidh, agus tagairt dóibh trí úsáid a bhaint as foirmlí. Cuireadh bac ar an rian iniúchóireachta mar gheall nach raibh na sonraí amha bunaidh coimeádta ar an tslí sin. Thugamar earráid faoi deara sna ‘comhaid do shonraí amha bunaidh’. Ní raibh tionchar airgeadais ag an earráid, ach léiríonn sé mar sin féin go raibh na sonraí i mbaol ó earráid dhaonna nuair nach raibh próiseáil a bhí doiciméadaithe go maith ann. |
| **Próiseáil sonraí amha:** Déileáil le sonraí atá ar iarraidh | 3 | Níl aon mhodheolaíocht mhionsonraithe ann a thugann tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear sonraí eile ó fhoinsí eile in ionad sonraí atá ar iarraidh, ná an chaoi leis na nósanna sin a chomhchuibhiú. Amanna is sonraí ó bhlianta roimhe sin a cuireadh in ionad sonraí a bhí ar iarraidh, nó glacadh an meán de shonraí ó thíortha eile nó rinneadh meastacháin eile. |
| **Próiseáil sonraí amha:** luachanna a choigeartú – normalú | 4 | Nuair a bhíonn sonraí amha á bpróiseáil, is dea-chleachtas é na luachanna coigeartaithe a nascadh leis na sonraí amha bunaidh chun an riosca d’earráid dhaonna a mhaolú. Fuaireamar earráidí i ríomh na luachanna coigeartaithe sin i gcás sé thír. |
| Cur i bhfeidhm foirmle **le luachanna coigeartaithe** | 5 | Nuair a bhí an fhoirmle á cur i bhfeidhm, chuir an Coimisiún an tInnéacs Glas i bhfeidhm ar bhealach mícheart do 42 thír. |
| **Ríomh an imchlúdaigh tíre** bunaithe ar an gcóimheas tíre sa réigiún agus ar an méid atá ar fáil don réigiún | 6 | Tríd an athríomh a rinneamar ar an bhfoirmle, taispeántar torthaí difriúla i gcomparáid le ríomh an Choimisiúin i gcás 47 dtír. |
| **Coigeartuithe *ad hoc*** Leis an modheolaíocht a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm, áirítear an fhéidearthacht coigeartuithe *ad hoc* a dhéanamh i gcás roinnt breithnithe. | 7 | Ní bhfuair ár n-anailís aon easnaimh sna coigeartuithe a rinneadh i gcás 27 dtír. |

*Foinse:* CIE.

## Bhíothas solúbtha leis na CITanna, ach glacadh déanach iad agus tá an scóip leathan a bhí leo in ann an bonn a bhaint ón tionchar

**33** I Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda[10], deirtear go roghnófar réimsí tosaíochtaí le haghaidh maoiniú ón Aontas sna CITanna tíre. Sonraítear sna treoirlínte do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda gur chóir go mbeadh comhar an Aontais dírithe isteach ar thrí réimse tosaíochta, ach amháin i gcás na Comharsanachta. D'fhéadfaí na réimsí tosaíochta sin a roinnt arís i dtrí earnáil tháscacha ar a mhéad do gach ceann de na réimsí tosaíochtaí. Trí theorainn a chur leis na réimsí idirghabhála, bhí sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus SEGS an tionchar a bhí ag a chistiú a mhéadú.

**34** Scrúdaíomar an raibh an méid seo a leanas déanta an gCoimisiún agus ag SEGS:

- anailís ar an gcás ina raibh na tíortha comhpháirtíochta agus ar na leochaileachtaí agus riachtanais a bhí acu;
- réasúnú fónta a thabhairt do na réimsí tosaíochtaí agus earnálacha a roghnaigh siad;
- anailís ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cistiú ón Aontas;
- an fhéidearthacht do mheascadh agus do ráthaíochtaí a shainaithint; agus
- comhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha agus comhordú a dhéanamh go hinmheánach agus le deontóirí eile, go háirithe trí chlársceidealú comhpháirteach agus trí thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa.

## Rinne an Coimisiún agus SEGS anailís ar na riachtanais a bhí ann do na réimsí comhair a raibh sé i gceist acu iad a chlúdach agus chuaigh siad i gcomhchomhairle le formhór na ngeallsealbhóirí

### Rinne an Coimisiún agus SEGS anailís ar an gcás ina raibh na tíortha agus ar na riachtanais a bhí acu

**35** Rinne an Coimisiún anailís bunaithe ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) de réir tíre agus, in éineacht le SEGS, d'iarr siad ar thoscaireachtaí AE anailís a dhéanamh ar na tosaíochtaí forbartha náisiúnta a bhí ar fáil agus ar na dréacht-mheasúnuithe tíre chomh maith le cruinniú a bheith acu leis na geallsealbhóirí ábhartha le linn na hoibre ullmhúcháin don chlárthréimhse i ndiaidh 2020, ar cuireadh tús léi i mí Feabhra 2019.

**36** Rinne na toscaireachtaí AE measúnuithe tíre a tharraingt suas, ina raibh tuairisc ghearr ar an gcás ina raibh na tíortha agus riachtanais a n-áitritheoirí, ar na treochtaí, ar na príomh-shaincheisteanna polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil, ar an dul chun cinn ó thaobh SDGanna de, ar phríomhleasanna an Aontais agus na mBallstát, ar chuspóirí beartais agus polaitiúla, ar an bhfreagairt ón Aontas agus ó na Ballstáit a bhí beartaithe, agus ar na comhairliúcháin a rinneadh.

**37** I gcomhréir le Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda agus na dtreoirlínte, rinne toscaireachtaí AE réamh-mheasúnuithe coinbhleachta a tharraingt suas do na tíortha a bhí ag fulaingt ó ghéarchéim nó a bhí i staid iar-ghéarchéime, do thíortha tréithe agus do thíortha i staid leochaileach. Chlúdaigh na measúnuithe na príomhrioscaí slándála, polaitiúla agus eacnamaíocha.

**Chuaigh na toscaireachtaí AE i gcomhchomhairle le formhór na ngeallsealbhóirí**

**38** Chuir gach ceann de na toscaireachtaí AE sa sampla liosta de na geallsealbhóirí a ndeachadar i gcomhchomhairle leo ar fáil, lena n-áirítear iad sin ar chuir siad na tosaíochtaí CIT ina láthair. Bhí siad seo a leanas páirteach sna comhairliúcháin sin: rialtais na dtíortha comhpháirtíochta, ionadaithe na mBallstát, gníomhaireachtaí forbartha sna Ballstáit, eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, deontóirí eile, institiúidí airgeadais Eorpacha agus idirnáisiúnta, lear mór eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta agus ionadaithe ón earnáil phríobháideach. Rinneadh na comhairliúcháin ag céim luath i bpróiseas ullmhúcháin na CITanna, agus bhí aiseolas i scríbhinn mar aon le cruinnithe ar líne i gceist leo.

**39** Formhór na ngeallsealbhóirí a chuireamar faoi agallamh, chuir siad béim ar chuimsitheacht na gcomhairliúchán agus ar an dea-chomhar leanúnach le toscaireachtaí AE. Bhí roinnt geallsealbhóirí sna naoi dtír a ndearnamar anailís orthu, áfach, a d'fhéadfadh ionchur spéisiúil a sholáthar ach ní dheachthas i gcomhchomhairle ar bhonn críochnúil leo. Mar shampla, ní dheachaigh an Coimisiún i gcomhchomhairle le ceannairí reiligiúnacha agus údaráis thraidisiúnta sa Ghuine, cé gur admhaigh toscaireacht AE go bhféadfaidís sin a bheith ina spreagthóirí don athrú. Bhí sé aitheanta sa CIT féin go gcaithfear tacú leis an gcóras dlí trí cheannairí reiligiúnacha agus traidisiúnta agus go gcaithfear breathnú ar an ról atá ag na húdaráis reiligiúnacha sa tsíocháin agus sa tslándáil.

**40** Tríd is tríd, breithníodh an rannchuidiú a rinne na geallsealbhóirí a ghlac páirt, agus léiríodh é sin i roghnú na réimsí tosaíochta agus sna cuspóirí don chomhar. Deimhníodh é sin le linn ár gcruinnithe leis na geallsealbhóirí. Luaigh cuid acu, áfach, saincheisteanna dúshlánacha a bhí ann dóibh le linn na gcomhairliúchán (féach *Bosca 2*).

### Bosca 2

### Aiseolas ó na geallsealbhóirí ar an bpróiseas comhairliúcháin

Fuair ionadaithe ó eagraíocht na sochaí sibhialta (ESS) san Airméin locht ar an easpa plé a rinneadh ar na táscairí CIT, cé go raibh an plé sin ann roimhe seo. Chuir ESSanna béim ar an tábhacht atá le táscairí ábhartha a roghnú, ar uirlis láidir iad sin do ESSanna chun go mbeidís in ann faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an rialtais i ndéanamh na n-athchóirithe.

Sa Chambóid, bhí amhras ar an Aireacht Chomhshaoil faoi fhuinneamh in-athnuaite a chur sa CIT. D’aithin struchtúir chothrománacha eile sa rialtas go raibh gá le fuinneamh in-athnuaite, ach mheas siad gur sprioc fhadtéarmach a bhí ansin. Ba í an tosaíocht ba mhó a bhí acu ná táirgeacht a mhéadú trí éifeachtúlacht fuinnimh. Dá réir sin, is mó de thosaíocht ag an Aontas Eorpach a bhí san fhuinneamh in-athnuaite ná tosaíocht ag an rialtas.

**41** Dhírigh na comhairliúcháin isteach ar riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha, ach ní raibh plé le rialtais, deontóirí ná geallsealbhóirí eile maidir le leithdháiltí airgeadais NDICI-An Eoraip Dhomhanda mar chuid de na comhairliúcháin sin. Bheadh sé cuiditheach don leithdháileadh airgeadais agus do phleanáil gníomhaíochtaí rialtais i dtíortha comhpháirtíochta dá ndéanfaí plé ar na hearnálacha a bhféadfadh sé gurb iad is troime a bheadh ar acmhainní nó ar na réimsí a measadh gur mó a bheadh gá le cistí ón Aontas iontu.

**42** Thairis sin, ní raibh na tosaíochtaí réigiúnacha clúdaithe sna comhairliúcháin a rinneadh sna tíortha comhpháirtíochta (féach mír *09*). Tharraing an Coimisiún agus SEGS suas na cláir ilbhliantúla tháscacha réigiúnacha (CITanna réigiúnacha) ag an am céanna leis na CITanna, agus chuaigh siad i gcomhchomhairle le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí éagsúla, go príomha sa Bhruiséil. Ní raibh toscaireachtaí AE tugtha isteach sách maith sa phróiseas, agus ní dheachaigh siad i gcomhchomhairle le deontóirí chun na riachtanais réigiúnacha a dhéanamh amach. Is fiú a thabhairt ar aire go bhféadfadh breisluach a bheith i gceist ó thaobh tosaíochtaí réigiúnacha a leagan síos dá rachfaí i gcomhchomhairle le deontóirí a bhíonn ag comhoibriú i roinnt tíortha i réigiún ar leith (e.g. tá lámh mhór ag an nGearmáin sa chomhar réigiúnach san Áise).

Thairis sin, thug na húdaráis náisiúnta sa tSeineagáil le fios nach raibh aon phlé ann ar thosaíochtaí réigiúnacha. D'eagraigh an Coimisiún agus SEGS ceithre chruinniú faisnéise ar thosaíochtaí an CIT réigiúnach don Afraic fho-Shahárach, ach is le heagraíochtaí réigiúnacha agus leis an Aontas Afracach a bhí na cruinnithe sin agus ní raibh ionadaithe náisiúnta i láthair.

**Bhí na tosaíochtaí agus na hearnálacha a roghnaíodh le haghaidh comhar AE ag freagairt do thosaíochtaí an Choimisiúin agus do thosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta**

**43** Nuair a bhí na CITanna á ndréachtú, bhí toscaireachtaí AE agus an Coimisiún agus SEGS ag comhordú leis na Ballstáit agus le seirbhísí eile an Choimisiúin trí chruinnithe leis na foirne tíre agus trí chomhairliúcháin idirsheirbhíse. Ar an iomlán, bhí na réimsí tosaíochta agus na hearnálacha a fuair tacaíocht ábhartha mar go raibh siad ag freagairt do thosaíochtaí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta. Bhí siad ailínithe chomh maith le tosaíochtaí an Choimisiúin i gcomhair comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais (an Comhaontú Glas, claochlú digiteach agus teicneolaíochtaí sonraí, comhghuaillíochtaí don fhás inbhuanaithe agus do phoist chuibhiúla, bainistiú agus rialachas níos fearr ar an imirce, comhpháirtíochtaí imirce, agus rialachas, síocháin agus slándáil)[11]. Bhí comhlántachtaí soiléire ann idir na réimsí tosaíochta éagsúla.


**44** Chun tuairisciú ar a n-iarrachtaí agus chun na hiarrachtaí sin a chomhordú, baineann na geallsealbhóirí forbartha idirnáisiúnta úsáid as an aicmiú earnálacha atá ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta i bhfoirm cóid an Choiste Cúnaimh Forbartha (cóid CCF)[12]. Taispeánann anailísí ar na cóid CCF atá ar fáil (féach ***Fíor 8***) gur thug na CITanna go léir lena mbaineann aghaidh ar an rialachas, seachas na CITanna don Bhotsuáin, don Ghuáin, do Nicearagua, don Iaráin, do Shuranam agus don Táidsíceastáin, chomh maith le CIT iltíre amháin. Tugadh aghaidh ar an oideachas i mbeagnach trí cheathrúna de na CITanna go léir (56 thír), leis an bhfócas ar ghairmoiliúint. Tríd is tríd, tugadh aghaidh ar earnálacha an Chomhaontaithe Ghlais (talmhaíocht, an comhshaol, foraoiseacht, iascach agus fuinneamh glas) sna CITanna. I gcomparáid leis sin, níor tugadh aghaidh ar chúram sláinte ach i 17 dtír.

---

[11] Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh. Tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh.

[12] An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Liostaí de chóid CCF.

## Fíor 8 – Minicíocht na n-earnálacha tosaíochta de réir chóid CCF





*Foinse:* CIE, bunaithe ar na CITanna tíre a bhí glactha faoi Eanáir 2022.

**Tá clársceidealú comhpháirteach fós teoranta mar go bhfuil ualach trom oibre i gceist leis an ullmhúchán lena aghaidh**

**45** Is éard atá i ndoiciméid chomhpháirteacha don chlársceidealú ná doiciméid don chlársceidealú ilbhliantúil ina dtugtar cuntas ar na hearnálacha agus cuspóirí féideartha le haghaidh comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar lámh amháin, agus tíortha comhpháirtíochta, ar an lámh eile. Nuair a ghlacann Coláiste Coimisinéirí an Choimisiúin doiciméad comhpháirteach don chlársceidealú, gabhann an doiciméad sin ionad an CIT. Tharla sé sin i gcás seacht gcinn de na tíortha inár sampla, lena n-áirítear an Chambóid, Laos, an tSeineagáil agus Mailí. Luaitear i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda[13] gurbh fhearr dá mbeadh na CITanna bunaithe ar straitéisí don chlársceidealú comhpháirteach, mar go gcothaíonn siad sin comhleanúnachas, comhlántacht agus comhsheasmhacht leis an tacaíocht atá á soláthar ag Ballstáit eile de chuid an Aontais. Níl an oiread sin straitéisí don chlársceidealú comhpháirteach fós ann, gan ceann ann ach do 11 thír (as 89) ag tráth an iniúchta (féach ***Fíor 9***) i gcomparáid le 17 dtír sa chlárthréimhse roimhe seo. Bhí an próiseas fós ar siúl chun ocht gcinn eile de dhoiciméid chomhpháirteacha don chlársceidealú a ghlacadh. Dá bhrí sin, ní hé an clársceidealú comhpháirteach an cur chuige is coitianta a úsáidtear go fóill.

## Fíor 9 – Doiciméid chomhpháirteacha don chlársceidealú amhail in Eanáir 2022




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na CITanna.

[13] Airteagal 12(2)(c) de Rialachán (AE) 2021/947.

**46** Tá an próiseas seo úsáideach chun riachtanais na rannpháirtithe go léir a shainaithint, mar aon leis na réimsí idirghabhála nó na réimsí leasa a bhaineann leo. Ach tá ualach trom oibre i gceist leis do Bhallstáit an Aontais agus do na toscaireachtaí AE. Thagair gníomhaireachtaí forbartha Bhallstáit an Aontais don bhreisluach teoranta atá ag an doiciméad i gcomparáid leis an méid ama a chaitear leis. Bítear ag dréim leis go leanann cur chun feidhme comhpháirteach as an gclársceidealú comhpháirteach, a mbeadh comhthiomsú acmhainní i gceist leis sin chomh maith le hoibriú as lámha a chéile chun an tionchar a d'éireodh as a uasmhéadú. Tá a straitéis dhéthaobhach nó réigiúnach féin ag gach aon cheann de na comhpháirtithe Eorpacha, áfach, agus is mar áis tagartha amháin a úsáideann siad an doiciméad comhpháirteach don chlársceidealú, go háirithe ós rud é nach bhfuil na doiciméid sin ceangailteach ó thaobh dlí de ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

## Is baolach go mbainfear an bonn ón tionchar atá ag cistiú ón Aontas mar gheall ar an scóip leathan atá i gceist leis na réimsí tosaíochta atá roghnaithe

**Tá na réimsí tosaíochta leathan**

**47** Mar a cheanglaítear a dhéanamh sna treoirlínte, tá trí réimse tosaíochta leathana a chlúdaíonn raon leathan d'fhearainn sna CITanna do thíortha Neamhchomharsanachta. Dá bhrí sin, tá na CITanna solúbtha agus tugann siad an deis tabhairt faoi réimsí leathana comhair ionas go bhféadfar oiriúnú do rudaí a thitfeadh amach agus nach bhféadfaí iad a thuar. Ar an lámh eile, is féidir le réimsí tosaíochta leathana teorainn a chur leis an bhfócas agus leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cistiú ón Aontas. Bheadh tábhacht ar leith leis sin sa chás go laghdófaí na leibhéil den chistiú, faoi mar a tharla i gcás thíortha na hÁise. Mar shampla, sa Chambóid, bhí na réimsí tosaíochtaí cosúil leis na réimsí a bhí ann in 2014-2020, ach laghdaíodh an cistiú go suntasach (féach ***Tábla 3***).

### Tábla 3 – Leithdháiltí na Cambóide de réir earnála/réimse tosaíochta *(milliún euro)*

| CAI 2014-2020 | | | CAI 2021-2027 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Earnálacha | Cistiú seacht mbliana | An meán bliantúil | Réimsí tosaíochta | Cistiú CIT 2021-2024 | An meán bliantúil |
| Talmhaíocht / bainistiú acmhainní nádúrtha | 144.0 | 20.6 | Fás glas agus poist chuibhiúla (3 earnáil CCF) | 62.0 | 15.5 |
| Oideachas / scileanna | 140.0 | 20.0 | Forbairt an oideachais agus scileanna (3 earnáil CCF) | 48.0 | 12.0 |
| Rialachas agus riarachán | 120.0 | 17.1 | Dea-rialachas (3 earnáil CCF) | 37.0 | 9.3 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chlár ilbhliantúil táscach 2014-2020 agus CIT 2021-2027.

**48** Sa CIT do Mhailí, liostaítear trí réimse tosaíochta: (1) feabhas ar fheidhmiú an stáit; (2) cruthú post, spreagadh an gheilleagair; agus (3) freagairt do riachtanais bhunriachtanacha agus do riachtanais bhunúsacha dhaonna. Go hoifigiúil, clúdaíonn na tosaíochtaí sin ocht n-earnáil, ach ós rud é go bhfuil na réimsí sin leathan, cuimsíonn an CIT go leor earnálacha eile dáiríre (féach na samplaí atá i ***mBosca 3***).

#### Bosca 3

#### Samplaí de shainiú leathan na n-earnálacha i Mailí

Is ‘Cobhsú agus athshuíomh an stáit i limistéir thréithe’ an teideal atá ar earnáil amháin. San aon earnáil amháin seo, clúdaítear na nithe seo a leanas: riachtanais slándála, foircinn slándála atá le forbairt, bonneagar (bóithre, uisce agus sláintíocht, fuinnimh in-athnuaite, digiteáil), seirbhísí sóisialta, rialú ag teorainneacha, bainistiú na himirce agus rialachas.

San earnáil ‘An ceartas agus an smacht reachta’, áirítear freisin na nithe seo a leanas: tionacht talún, cultúr, oidhreacht, spórt agus acmhainní nádúrtha.

**49** Is é an CIT don Ghuine an ceann ab fhócasaithe inár sampla, le naoi n-earnáil ghinearálta ann (fuinneamh, talmhaíocht agus iascach, cosaint an chomhshaoil, sláinte, uisce agus sláintíocht, gairmoideachas, rialachas agus an tsochaí shibhialta, coinbhleachtaí, síocháin agus slándáil, agus imirce), agus clúdaíonn sé earnálacha a bhfuil fócas níos cúinge leo ná mar a dhéantar sna CITanna eile. Chomh maith leis sin, d'aimsíomar sampla dea-chleachtais sa CIT don Namaib, nach raibh inár sampla, a raibh sraith de thosaíochtaí agus earnálacha ann a bhí fócasaithe (féach ***Bosca 4***).

### Bosca 4

### Réimsí tosaíochta agus earnálacha don chomhar sa Namaib, le struchtúr fócasaithe

Réimse tosaíochta 1: Scileanna bunúsacha – oideachas[14]

Bainistiú beartais agus riaracháin san oideachas

Oiliúint múinteoirí

Oideachas luathóige

Réimse tosaíochta 2: Fás glas cuimsitheach

Soláthar uisce agus sláintíocht

Giniúint leictreachais, acmhainní in-athnuaite

Cosaint an chomhshaoil go ginearálta

Réimse tosaíochta 3: Dea-rialachas agus comhionannas inscne

Reachtais agus páirtithe polaitíochta

Eagraíochtaí agus institiúid a ghníomhaíonn i gcoinne na calaoise

Deireadh a chur le foréigean in aghaidh ban agus cailíní

[14] De réir na tuairisce atá tugtha sa CIT don Namaib.

**50** Níl aon teorainn leagtha síos i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda ó thaobh na réimsí tosaíochta le haghaidh na dtíortha Comharsanachta. Inár sampla, bhí cúig réimse tosaíochta i ngach CIT. Faoi mar a cheanglaítear a dhéanamh faoi Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda[15], roghnaíodh na réimsí tosaíochta as na comhaontuithe don chomhar um fhorbairt. Bunaíodh iad sin laistigh de Chomhpháirtíocht an Oirthir[16], agus sainaithníodh iad sa teachtaireacht chomhpháirteach dar teideal 'Beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir tar éis 2020' an 18 Márta 2020[17]. Tá raon mór comhair clúdaithe sna tosaíochtaí sin.

**Is ar na hearnálacha a raibh siadsan ag tacú leo, agus orthu sin amháin, a rinne na toscaireachtaí anailís**

**51** De réir Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda[18], caithfidh na cláir gheografacha a bheith bunaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cistiú ón Aontas i dtíortha agus réigiúin chomhpháirtíochta. Ní shonraíonn na treoirlínte do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda cén cur chuige atá le glacadh chun an tionchar féideartha a thomhas. Is iad na hearnálacha a fhaigheann tacaíocht ar deireadh, agus iadsan amháin, atá clúdaithe ag na hanailísí a rinne na toscaireachtaí AE. Níl earnálacha eile curtha san áireamh sa phróiseas don chlársceidealú. Bhí eolas fairsing ag na toscaireachtaí AE ar an gcás ina bhfuil na tíortha comhpháirtíochta agus ar na riachtanais atá acu, ach níor léiríodh sna CITanna gurbh iad na hearnálacha a roghnaíodh na hearnálacha ina bhféadfadh cistí ón Aontas an tionchar is mó a bheith acu.

---

[15] Airteagal 19 Rialachán (AE) 2021/947.

[16] Caibidlíochtaí do Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus don Mhéadú. Suíomh gréasáin Chomhpháirtíocht an Oirthir.

[17] SEGS, Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir tar éis 2020, SWD(2020) 56 final, 18 Márta 2020.

[18] Airteagail 13(2) agus 19(2) de Rialachán (AE) 2021/947.

**52** Ba í Mailí an t-aon eisceacht a bhí ann, san áit a ndearna an toscaireacht AE 15 mheastóireacht earnála a bhí forleitheadach. Rinne siad measúnú ar an méid seo a leanas: acmhainneachtaí agus tiomantas na ngeallsealbhóirí, tionchar/breisluach féideartha Eorpach, agus, i gcás inarb ábhartha, na rudaí a bhí bainte amach a bhuíochas do thacaíocht ón gCoimisiún roimhe sin. Mar shampla, tháinig an mheastóireacht a rinne an toscaireacht AE ar athchóirithe stáit sa tír sin ar an gconclúid go raibh an breisluach Eorpach láidir i mbainistiú na gcistí poiblí mar go raibh sé bunaithe ar idirphlé ar chaighdeán maith, ábharthacht shoiléir agus inchreidteacht beartais.

**Roghnaigh na toscaireachtaí réimsí tosaíochta gan fios a bheith acu cá mhéad cistiú a bhí ar fáil**

**53** Roghnaíodh na réimsí tosaíochta gan fios cad iad na leithdháiltí deiridh a bheadh ann do thíortha aonair. D’fhág sé sin deacair é an scóip a shainiú agus na torthaí a mbeifí ag dréim leo don chlár seacht mbliana (nó ceithre bliana go dtí an t-athbhreithniú) a chainníochtú. Ní raibh réasúnú sna CITanna don mhiondealú airgeadais idir na réimsí tosaíochta éagsúla (e.g. réasúnú don chaiteachas poiblí a bhí beartaithe sna limistéir a gheobhadh tacaíocht nó faisnéis faoi ranníocaíochtaí a dhéanfadh deontóirí eile tráth níos faide anonn). Mhínigh na toscaireachtaí AE go raibh na leithdháiltí airgeadais bunaithe i dtosach báire ar sheisiún ransaithe smaointe inmheánach i ndáil leis na cláir ghníomhaíochta bhliantúla a bhí beartaithe agus i ndáil leis an bpáirt a ghlacfadh deontóirí in earnálacha ar leith. Ní raibh ann ach mionlach de na deontóirí, áfach, a raibh buiséad ilbhliantúil acu agus a bhí in ann cistiú a ghealladh le haghaidh gníomhaíochtaí ag tráth níos faide anonn. Nuair a cuireadh tacaíocht bheartaithe na ndeontóirí san áireamh, is ar bhonn táscach a rinneadh é sin.

**54** De réir na dtreoirlínte le haghaidh chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda, bhí ag na CITanna méid táscach breise don chuid eile den tréimhse seacht mbliana a chur san áireamh freisin ar mhaithe le solúbthacht agus ar mhaithe le húinéireacht pholaitiúil leanúnach. I dtreoracha a chuir an Coimisiún agus SEGS ina dhiaidh sin chuig na toscaireachtaí AE, dúradh gurb é an t-imchlúdach le haghaidh ceithre bliana, agus é sin amháin, a chaithfí a chur sna CITanna. Maidir leis na leithdháiltí tíre do na trí bliana dheireanacha (2025-2027), déanfar iad sin a chinneadh i ndiaidh an athbhreithnithe meántéarma ar an gclársceideal. Ós rud é go raibh na gníomhaíochtaí mall ag tosú, áfach, d’fhéadfadh sé go mbeadh laincis ar a ábhartha a bheidh an t-athbhreithniú sin (féach mír *59*).

## Mar gheall go raibh moill ar Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a ghlacadh, bhí moill dá réir ar ghlacadh na CITanna

**55** I Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún togra le haghaidh rialacháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[19]. I mí Feabhra 2019, cuireadh tús go hoifigiúil leis an obair ullmhúcháin don chlársceidealú i ndiaidh 2020. Thosaigh an clársceidealú i mí na Samhna 2020 nuair a seoladh na treoirlínte chuig na toscaireachtaí AE, rud a bhíothas ceaptha a dhéanamh ar dtús i mí na Nollag 2019. Cuireadh moill ar an bpróiseas mar gurbh éigean aird a thabhairt ar thionchar shocheacnamaíoch phaindéim COVID-19 agus go raibh moill ar Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a ghlacadh (Meitheamh 2021) agus ar an ngníomh tarmligthe gaolmhar a ghlacadh (Iúil 2021). Ansin thóg sé thart ar shé mhí sular glacadh na chéad CITanna. Trí bliana a mhair an próiseas iomlán ón obair ullmhúcháin go dtí an glacadh (féach ***Iarscríbhinn I***). Faoin tráth a chríochnaíomar an iniúchóireacht, bhí cuid de na CITanna nach raibh fós sa riocht go bhféadfaí iad a mholadh d'fhonn a nglactha.

**56** I gcás na dtíortha Comharsanachta, tá ceanglas i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a éilíonn go nglacfar doiciméid chomhpháirteacha (Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, Cláir Gnó Comhlachais nó a gcomhionann) ina leagfar amach an bunús don chlársceidealú. Chuaigh formhór na ndoiciméad comhpháirteach sin in éag in 2020, agus bhí moill ar a n-athnuachan mar gheall ar dhul chun cinn mall sna caibidlíochtaí.

**57** I gcomparáid leis sin, is i mBealtaine 2012 a seoladh na próisis don chlársceidealú le haghaidh 2014-2020 faoin Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt agus faoin gCiste Eorpach Forbraíochta. Glacadh an chéad dá chlár thácacha náisiúnta in Eanáir 2014 agus glacadh an clár deiridh in Aibreán 2017, ach tharla an chuid is mó den ghlacadh sa dara seimeastar de 2014. Mhair an próiseas iomlán thart ar dhá bhliain. I gcás na hIonstraime Eorpaí Comharsanachta, glacadh an rialachán i Márta 2014 agus glacadh tromlach na gclár, doiciméid don Chreat Tacaíochta Aonair, sa dara seimeastar de 2014.

**58** Bhí tionchar ag glacadh déanach na CITanna ar an ullmhúchán do phleananna gníomhaíochta bliantúla 2021 inar leagadh amach na gníomhaíochtaí a bhí le maoiniú. Faoi dheireadh 2021, bhí 98 CIT glactha chomh maith le 55 phlean gníomhaíochta.

[19] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta, COM(2018) 460 final.

**59** D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh tionchar ag an gcur chun feidhme déanach seo ar an athbhreithniú meántéarma, a bheidh ann i ndiaidh na meastóireachta meántéarma ar an ionstraim atá le cur isteach faoi dheireadh 2024[20]. I rith an athbhreithnithe sin, tá sé i gceist ag an gCoimisiún agus ag SEGS athmheasúnú a dhéanammh ar na roghanna a rinneadh i gcás réimsí tosaíochta na CITanna le linn an chlársceidil, agus molfaidh siad leithdháiltí tíre le haghaidh 2025-2027. Beidh an leithdháileadh bunaithe ar athbhreithniú éigeantach, ina gcuirfear san áireamh cé chomh maith a rinne gach tír i ndáil le roinnt tosaíochtaí beartais Eorpacha (e.g. iltaobhachas, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí, imirce). Mar gheall ar thús déanach na ngníomhaíochtaí, is lú ábhair a bheidh ar fáil don athbhreithniú.

## Bhí méid suntasach d'obair bhreise ag teastáil le haghaidh na dtionscnamh comhpháirteach, agus chuir sé sin moill ar an gclársceidealú

**Leithdháileadh na gcistí faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus**

**60** Is é an ciste nua CEFI+ an creat Eorpach atá ann chun tacú le hinfheistíochtaí, agus tá sé sin le cur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le raon institiúidí airgeadais Eorpacha agus idirnáisiúnta. Déantar oibríochtaí CEFI+ a mhaoiniú faoi na CITanna geografacha (CITanna tíre agus réigiúnacha). Áirítear orthu sin, ráthaíochtaí buiséadacha a thabhairt agus deontais Eorpacha a mheascadh le hiasachtaí nó cothromas ó airgeadaithe poiblí agus príobháideacha. D'iarr an Coimisiún agus SEGS ar na toscaireachtaí AE measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí féideartha CEFI+ sna tíortha comhpháirtíochta. I gcás na dtíortha Neamhchomharsanachta, rinne an Coimisiún agus SEGS modheolaíochtaí a dhearadh chun cuid de na leithdháiltí tíre a chur i leataobh le haghaidh na soláthairtí ráthaíochta faoi CEFI+.

**61** I gcás CITanna tíre don Áise agus don Aigéan Ciúin, d'iarr an Coimisiún agus SEGS go mbeadh forchoimeád cothromráta ann a bheadh comhionann le 15 % den leithdháileadh le haghaidh ráthaíochtaí agus 5 % le haghaidh meascadh. Bhí an leibhéal foriomlán de chistiú a bhí forchoimeádta le haghaidh CEFI+ níos airde ná na meastacháin tosaigh a rinne na toscaireachtaí AE sna dréacht-CITanna do Laos, don Chambóid agus do Vítneam (féach an sampla i ***mBosca 5***). Tá an baol ann, dá bhrí sin, go mbeidh na méideanna atá curtha i leataobh le haghaidh ráthaíochtaí CEFI+ níos mó ná na méideanna a bheidh ag teastáil dáiríre.

---

[20] Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2021/947.

**Bosca 5**

**Soláthair CEFI+ san Áise**

- Sa **Chambóid**, tá an fhéidearthacht do ráthaíochtaí CEFI+ teoranta mar gheall ar rialacha inmheánacha na tíre atá deartha chun an iomarca féichiúnais a chosc (dar le deontóirí eile, níl ach spéis theoranta ann tabhairt faoi ráthaíochtaí).
- I **Laos**, bhí an fhéidearthacht mheasta do ráthaíochtaí teoranta ar an gcaoi chéanna.
- I **Vítneam**, áfach, bhí an meastachán tosaigh do ráthaíochtaí níos airde ná an 15 % a d'éiligh an Coimisiún sa Bhruiséil.

Ba cheart úsáid níos mó a bhaint as meascadh faoi CEFI+, mar go bhféadfadh deontóirí eile é a úsáid chun a gcuid iasachtaí a chur chun feidhme.


**62** Bhain dícheall breise ó na toscaireachtaí AE le hanailís a dhéanamh ar na soláthair do CEFI+, agus ní raibh taithí acusan ar an ionstraim nua a úsáid. Chuir sé sin moill ar an ullmhúchán do na CITanna. Sa bhreis air sin, níor sonraíodh sna CITanna cén sciar de chistiú CEFI+ a bhí ag dul do gach aon réimse tosaíochta. Thairis sin, bhí éiginnteacht ag baint le leibhéal na húsáide deiridh do na cistí sin go dtí go raibh na glaonna ar thograí ann. Ós rud é gur módúlacht cur chun feidhme le haghaidh cláir gheografacha atá in CEFI+, fuaireamar go raibh sé doiléir ar an iomlán go gcaithfí an anailís sin ag céim an chlársceidealaithe a chur isteach sna CITanna.

**Bhí tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa fós ag céim na forbartha le linn chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda**

**63** Trí bhíthin Fhoireann na hEorpa (féach mír *06*), déantar an tAontas Eorpach agus na Ballstáit a ghrúpáil in éineacht lena líonra taidhleoireachta, lena n-institiúidí airgeadais (lena n-áirítear bainc náisiúnta forbartha) agus le gníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). Cruthaíodh Foireann na hEorpa in Aibreán 2020 chun tacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta an Aontais ina gcomhrac i gcoinne phaindéim COVID-19. Trí thionscnaimh Fhoireann na hEorpa, tugtar gníomhaíochtaí éagsúla atá cheana ann agus gníomhaíochtaí atá beartaithe le chéile agus déantar comhordú comhpháirteach orthu. Is í an aidhm atá ann ná tionchar níos mó a imirt agus infheictheacht an Aontais a mhéadú.

**64** De réir na dtreoirlínte do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda, is féidir dhá thionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa, ar a mhéid, a shainaithint in aghaidh gach CIT. Bhí tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa curtha san áireamh i ngach ceann de na CITanna tíre, seachas 13 (arb iad na Séiséil, an Bhotsuáin, an Bheilís, Iamáice, an Bhútáin, an Iaráin, an Chasacstáin, an Chirgeastáin, an Mhalaeisia, Oileáin Mhaildíve, an Táidsíceastáin, an Téalainn agus an Tuircméanastáin na 13 sin). I bhformhór na dtíortha, leanfar de na tionscnaimh in dhá réimse (féach ***Fíor 10***).


### Fíor 10 – An líon tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa in aghaidh an CIT tíre




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na CITanna a bhí glactha faoin 31 Bealtaine 2022.

**65** Thug formhór na dtionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa aghaidh ar roinnt tosaíochtaí Eorpacha ag an am céanna. Ba é an Comhaontú Glas an topaic ba choitianta, agus ina dhiaidh sin bhí 'Forbairt dhaonna' agus 'Fás inbhuanaithe agus poist'. Ba é 'Comhpháirtíochtaí imirce' an téama ab annaimhe (féach ***Fíor 11***).

### Fíor 11 – An sciar de thosaíochtaí téamacha sna tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa do na tíortha




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na CITanna agus ar rianaire na dtionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa atá ag an gCoimisiún; sonraí asbhainte idir 4.2.2022 agus 23.2.2022.

**66** Taobh amuigh den Choimisiún, glacann seacht ndeontóir eile ar an meán páirt i ngach aon tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa. I gcás seacht gcinn de na tionscnaimh, níor luadh a gcuid deontóirí sna CITanna.

**67** Tugadh le fios sna CITanna cad iad na ranníocaíochtaí a rinne an tAontas le tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa, ach níor tugadh le fios cad iad na ranníocaíochtaí a rinne Ballstáit aonair den Aontas. Mar gheall ar an neamhchinnteacht faoin tacaíocht airgeadais a tháinig ó na Ballstáit, tá sé faighte níos doiléire céard atá i ndán do thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa mar thionscnamh comhchoiteann. Sa CIT don Airméin, is suim tháscach a bhí sa ranníocaíocht ón Aontas le tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa, agus d'fhéadfaí an ranníocaíocht sin a atreorú mura ndéanfaí gníomhaíochtaí sonracha a lainseáil. Mar gheall ar an éiginnteacht sin faoi thacaíocht a bheadh le fáil tráth níos faide anonn, bhí sé róluath tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa a chur isteach sna cláir thíre. Tháinig sé chun solais in agallaimh a bhí againn sna trí thír ar thugamar cuairt orthu nach raibh tuiscint iomlán fós, ag tráth an iniúchta, ag rialtais na dtíortha sin ar a raibh i gceist le tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa.

**Ní raibh tuiscint mhaith i dtús báire ar thionscnaimh shuaithinseacha atá ann do na tíortha Comharsanachta**

**68** Sna tíortha Comharsanachta, bhí na CITanna ceaptha rannchuidiú le tionscnaimh shuaithinseacha chomh maith. Tá sé mar aidhm le tionscnaimh shuaithinseacha tacaíocht a sholáthar don téarnamh socheacnamaíoch agus athléimneacht na dtíortha a neartú[21]. Is éard atá iontu sin ná teaglaim d'iasachtaí ó institiúidí airgeadais, infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí, agus deontais/tacaíocht don mheascadh nó ráthaíochtaí ón Aontas faoi chuimsiú an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta. Is iad rialtais na dtíortha comhpháirtíochta, an Coimisiún agus na toscaireachtaí AE, i gcomhpháirt le chéile, a shainaithin na tionscnaimh shuaithinseacha.

**69** Is cur chuige nua a bhí sna tionscnaimh shuaithinseacha nach raibh luaite i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda ná sna treoirlínte. Mar thoradh air sin, is beag ama a bhí ag na toscaireachtaí AE chun iad a dhearadh. Bhí na tionscnaimh shuaithinseacha le cistiú faoi CEFI+ agus, i gcás inarb iomchuí, trí leithdháiltí déthaobhacha/réigiúnacha. Bhí níos mó treoraíochta ón gCoimisiún faoi na módúlachtaí cur chun feidhme agus faoi na leithdháiltí (meascadh, soláthar ráthaíochtaí buiséadacha, etc.) ag teastáil ó na toscaireachtaí AE, agus freisin faoin

[21] An Coimisiún Eorpach agus SEGS, Doiciméad Inmheánach Oibre, Téarnamh, athléimhneacht agus athchóiriú: tosaíochtaí Chomhpháirtíocht an Oirthir i ndiaidh 2020, 2 Iúil 2021.

bhfoinse don chistiú (CIT réigiúnach nó tíre). Níl aon leithdháileadh ón mbuiséad déanta do na tionscnaimh shuaithinseacha sin go dtí seo. Is méideanna a bhí ina ngarmheastacháin amháin a bhí sna CITanna a ndearnamar léirbhreithniú orthu, agus bhí siad sin ríofa ag na toscaireachtaí AE i gcomhar leis na bainc agus leis an gCoimisiún.

**70** Bhí mionsonraí sna CITanna faoi na tionscnaimh shuaithinseacha a bhí le cur chun feidhme sna réimsí beartais éagsúla. Fuaireamar gur chruthaigh sé seo roinnt míthuiscintí i dtús báire san Airméin: ní bhfuair rialtas na hAirméine faisnéis shoiléir i dtús báire faoin gcistiú le haghaidh tionscnaimh shuaithinseacha; mar shampla, an sciar den chistiú a bhféadfaidís a bheith ag dréim leis i bhfoirm deontas, ráthaíochtaí agus iasachtaí.

## Ní raibh dóthain táscairí coiteanna sna CITanna chun an dul chun cinn ar leibhéal na hionstraime a thomhas

**71** Luaitear i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda gur cheart ‘don Choimisiún a áirithiú go bhfuil sásraí faireacháin agus meastóireachta soiléire i bhfeidhm chun cuntasacht agus trédhearcacht éifeachtach a sholáthar agus buiséad an Aontais á chur chun feidhme, agus chun measúnú éifeachtach a áirithiú ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí na hIonstraime a bhaint amach’[22]. Scrúdaíomar an raibh na táscairí a bhí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún i riocht tomhas cruinn a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sonracha agus ar na torthaí a rabhthas ag dréim leo ó na naoi CIT inár sampla.

### Ní móide go mbeidh na táscairí sna CITanna roghnaithe in ann gnóthachain iarbhír a thomhas

**Níl bunlínte nó spriocanna cuí i ngach ceann de na táscairí sna CITanna**

**72** I gcomhréir le Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda[23], ba chóir go mbeadh táscairí feidhmíochta sna CITanna chun faireachán a dhéanamh ar na cuspóirí sonracha agus ar na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo sna réimsí tosaíochta agus sna hearnálacha idirghabhála. Inár sampla, is faireachán ar ranníocaíocht dhíreach ón Aontas (e.g. an líon tairbhithe nua a mbeadh rochtain acu ar sheirbhísí comhairleacha gnó le tacaíocht ón Aontas), agus é sin amháin, a bhí i gceist le beagnach 15 % de na táscairí. Is faireachán ar dhul chun cinn iomlán na tíre, i réimsí ar ceann de na ranníocóirí é an tAontas, a bhí i gceist leis an 85 % eile. Tá na táscairí sin ag brath ar fhoinsí faisnéise náisiúnta agus tá siad comhaontaithe leis na húdaráis náisiúnta ábhartha.

**73** Is táscairí sonracha a bhí sa tromlach den thart ar 700 táscaire inár sampla. Mar sin féin, ní raibh aon bhunlíne nó is bunlíne dhoiléir a bhí i níos mó ná 20 % de na táscairí inár sampla, agus ní raibh aon spriocanna nó is spriocanna doiléire a bhí in 24 % díobh. D’fhág sé sin deacair é feidhmíocht a thomhas (féach ***Bosca 6***).

---

[22] Aithris 18 de Rialachán (AE) 2021/947.

[23] Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2021/947.

**Bosca 6**

**Samplaí de chásanna nach raibh foinsí fianaise, bunlínte nó spriocanna iontaofa ann**

- Sa **tSeineagáil**, bhí an táscaire dar teideal 'an sciar de sheoltáin diaspóra atá dírithe i dtreo infheistíochtaí táirgeachta agus socheacnamaíocha' socraithe ag 14 %, ach d'aithin an toscaireacht AE gur fhág an easpa fianaise nach bhféadfaí an táscaire sin a thomhas go hoibiachtúil.
- Sa **Ghuine**, rinneadh bunlíne de ráta fostaithe 56 % i ndiaidh na gairmoiliúna a lua sa CIT. Níl an staitistic sin le feiceáil san fhoinse dá dtagraítear sa CIT áfach.
- I **Mailí**, tagraíonn sé cinn de na spriocanna do 'mhéadú', gan a shonrú cén méadú a bheadh ann agus gan bunlínte a shonrú.
- San **Úcráin**, tagraíonn 16 sprioc freisin do 'mhéadú', agus níl bunlíne ar bith nó is bunlínte doiléire atá i seacht gcinn. Tá ocht dtáscaire sa CIT don Úcráin a éilíonn 'laghdú', gan a shonrú cén laghdú a bheadh ann. Thairis sin, tá bunlínte in easnamh i dtrí cinn den ocht gcás. Gan spriocanna soiléire, tá sé dodhéanta an leibhéal uaillmhéine a mheasúnú.

**74** Ní fhéadfadh na toscaireachtaí AE fianaise fholuiteach de na foinsí a thabhairt i gcás na mbunlínte agus spriocanna go léir. Mar shampla, i Mailí, bhí daoine eile tagtha in ionad na gcomhchomhairleoirí a shainigh na táscairí, agus ní fhéadfadh an fhoireann nua ná an toscaireacht AE na doiciméid oibre (na foinsí a úsáideadh) a sholáthar. Sa CIT don Airméin, níor luadh foinsí na dtáscairí; agus sa CIT don Asarbaiseáin agus sa CIT don Úcráin déantar tagairt do 'thuarascálacha ón rialtas' gan a shonrú cé na tuarascálacha iad sin. Mar thoradh air sin, cuirfear an tuairisciú agus an faireachán do na táscairí sin i mbaol mar gheall ar easpa fianaise, nó deacracht teacht ar an bhfianaise, agus mar gheall ar shonraí míchearta a bheith in úsáid.

**75** Fuaireamar samplaí freisin de tháscairí doiléire ba thrúig le héiginnteachtaí i dtaobh céard go díreach a bheidh le tomhas (féach ***Bosca 7***).

**Bosca 7**

**Samplaí de tháscairí doiléire**

- Tagraíonn táscaire 2.13 den Chreat le haghaidh Torthaí don Eoraip Dhomhanda (CTED) don 'líon de phoist ghlasa'. Ag an tráth a rabhamar ag críochnú na hoibre iniúchóireachta, áfach, ní raibh aon mhodheolaíocht ann a mhíneodh cad iad na poist a mheasfaí a bheith 'glas'.
- I **Mailí**, ní shonraítear sa táscaire sa CIT dar teideal 'ráta caillteannais iar-tháirgeachta in earraí talmhaíochta' cad iad na barra a bhfuil faisnéis ar fáil lena n-aghaidh agus, dá réir sin, cad iad na táirgí a bheifear ag tomhas.

**Tá baol ann nach n-úsáidfear na táscairí sa CIT le linn an fhaireacháin**

**76** Cé go bhfuil ceanglas sna treoirlínte do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda go ndéanfaí táscairí le spriocanna agus bunlínte cainníochtúla a chur sa CIT, mhínigh an Coimisiún nach ndearnadh aon fhaireachán nó tuairisciú pleanáilte ar na táscairí sin. Ní dhearna an Coimisiún ná na toscaireachtaí AE faireachán ar na spriocanna faoin gCreat Tacaíochta Aonair a bhí sna cláir tháscacha náisiúnta le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil a bhí ann roimhe sin (2014-2020).

**77** De réir an Choimisiúin, is ar an leibhéal idirghabhála a dhéanfar an faireachán, rud a chiallaíonn gurb iad na gníomhaíochtaí amháin a bheidh faoi fhaireachán. Cé go raibh an tsaoirse ag na toscaireachtaí AE na táscairí gníomhaíochta a shainiú, d'fhéadfaidís tagairt freisin do na táscairí sna CITanna. Scrúdaíomar na táscairí a bhí i ndoiciméid ghníomhaíochta 2021 a glacadh sa tSeineagáil agus i Mailí, ina raibh doiciméad gníomhaíochta don óige sa tSeineagáil, doiciméad a bhain le 'hathshuíomh an stáit' i Mailí, agus doiciméid a bhain le forbairt tuaithe agus athléimneacht sa dá thír. Fuaireamar go raibh táscairí sna doiciméid ghníomhaíochta sin a bhí difriúil ó na cinn a bhí sonraithe sa CIT. Dá bhrí sin, tá baol ann nach n-úsáidfear na táscairí sa CIT le linn an fhaireacháin.

## Ní raibh an creat coiteann maidir le torthaí atá eisithe ag an gCoimisiún trasuite go leordhóthanach fós ar fud na CITanna

**78** De réir na dtreoirlínte do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda, ba chóir go mbeadh líon teoranta táscairí sna CITanna. Níor shainmhínigh an Coimisiún riamh, áfach, cad a chiallaíonn 'teoranta'. Fuaireamar go méadaíonn castacht agus riachtanais acmhainní an phróisis faireacháin, mar aon le hilroinnt na faisnéise feidhmíochta, de réir mar a mhéadaíonn an líon táscairí. Mar gheall nach bhfuil sainmhíniú ann ar an

líon cuí táscairí atá le cur sna CITanna, thugamar faoi deara go raibh éagsúlacht mhór sa chur chuige a ghlac na toscairí AE leis an líon táscairí ag dul ó 0 go dtí 152. Go sonrach, bhí seacht CIT bheaga ann (an Indinéis, an Tuircméanastáin, an Téalainn, Cósta Ríce, an Chasacstáin, na Séiséil agus an Mhalaeisia) nach raibh táscairí ar bith iontu. Is cúnamh teicniúil amháin a bhí clúdaithe sna CITanna sin. Ar an meán, bhí 41 tháscaire i ngach aon cheann de na 78 CIT eile. Is sna trí thír Chomharsanachta (an Airméin, an Asarbaiseáin agus an Úcráin) a bhí an líon is mó, le níos mó ná 100 i ngach aon cheann acu. Mar shampla, bhí 152 tháscaire sa CIT don Asarbaiseáin.

**79** Moladh sna treoirlínte do chlársceidealú NDICI-An Eoraip Dhomhanda go ndéanfaí Creat an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt a úsáid nuair a bhí na táscairí sa CIT á sainiú. An 12 Eanáir 2021, d’ullmhaigh AS INTPA liosta de tháscairí faoi Chreat an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt a bhí le húsáid sna CITanna agus sheol sé an liosta sin chuig na toscaireachtaí AE. An 26 Deireadh Fómhair 2021, rinne AS INTPA nuashonrú ar an liosta agus chomhroinn sé é mar liosta táscairí faoin teideal ‘Creat le haghaidh Torthaí don Eoraip Dhomhanda’ (CTED)[24]. Bhí 71 tháscaire coiteann ann a chumasódh faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán NDICI-An Eoraip Dhomhanda agus a chuideodh leis na spriocanna airgeadais atá luaite i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a chomhlíonadh. Ag an am sin, bhí na dréacht-CITanna ag an gcéim dheiridh cheana féin.

**80** Rinne an Coimisiún anailís ar na táscairí sna CITanna go léir agus mhol sé an líon táscairí CTED a mhéadú, agus ag an am céanna líon foriomlán na dtáscairí a laghdú. Ní raibh aon chall do na toscaireachtaí AE déanamh de réir na moltaí sin (féach ***Bosca 8***). Mhínigh AS INTPA nach mbeadh comhiomlánú bunaithe ar na táscairí sna CITanna, ach go ndéanfaí é sin ar leibhéal na hidirghabhála.

[24] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin. Córas Faireacháin Feidhmíochta don Eoraip Dhomhanda, ina bhfuil Creat athbhreithnithe le haghaidh Torthaí don Eoraip Dhomhanda, a sheoladh. 25 Eanáir 2022.

**Bosca 8**

**Mar gheall ar fhoclaíocht nó aonaid sna táscairí coiteanna nach bhfuil de réir a chéile, beidh comhiomlánú uathoibríoch níos casta**

Baineann CTED 1.11 leis an ráta dífhostaíochta. Déantar tagairt sa CIT don Táidsíceastáin, áfach, do 'ráta dífhostaíochta i measc daoine óga', agus déantar tagairt sa CIT don Iaráin do 'ráta dífhostaíochta sa spriocphobal (pobail chónaitheacha/óstacha agus daoine easáitithe) i gcomparáid leis an meán náisiúnta'.

Maidir le CTED 2.2, 'limistéir d'éiceachórais talmhaíochta agus féaraigh a bhfuil cleachtais bhainistíochta inbhuanaithe tugtha isteach iontu le tacaíocht ón Aontas', ba cheart é sin a bheith tomhaiste i heicteáir. San Asarbaiseáin, bhí an bhunlíne ag náid agus an sprioc ag a haon. Ní luaitear sa CIT cad iad na haonaid atá á dtomhas.

Bhí fadhbanna den chineál céanna le CTED 2.8 agus CTED 2.9, sa mhéid go raibh heicteáir, $km^2$ agus céatadáin in úsáid sna CITanna.

**81** Ní bheifear in ann torthaí a chomhiomlánú ar leibhéal NDICI-An Eoraip Dhomhanda ach amháin má bhíonn táscairí coiteanna sa CIT agus sna gníomhaíochtaí cur chun feidhme. Dá ndéanfaí táscairí CTED a shainaithint sa CIT, bheadh sé mar threoir i roghnú na dtáscairí coiteanna ar leibhéal na gníomhaíochta ina dhiaidh sin. Mar sin féin, bhí trí tháscaire CTED (2.13, 2.14, 2.20) sa CIT don tSeineagáil, cé go raibh dhá tháscaire CTED, a bhí beagán difriúil (1.12 agus 2.20) sa doiciméad gníomhaíochta don óige.

**82** Bhí ar a laghad táscaire CTED amháin i ngach aon CIT, agus ocht gcinn ar an meán. Bhí an CTED ba choitianta (CTED 2.1, 'líon na bhfeirmeoirí beaga a shroichtear le hidirghabhálacha atá ag fáil tacaíocht ón Aontas agus arb é an aidhm atá leo ná a dtáirgeadh inbhuanaithe a mhéadú, mar aon le rochtain ar mhargaí agus/nó slándáil talún') in úsáid in 37 CIT, cé go raibh seacht dtáscaire ann nár úsáideadh ach uair amháin agus go raibh 10 dtáscaire tionchair ann nár úsáideadh ar chor ar bith (féach ***Iarscríbhinn II***). Ar leibhéal na hionstraime, cuirfidh sé sin teorainn as cuimse ar na féidearthachtaí atá ann do chomhiomlánú na dtorthaí.

**83** In ***Iarscríbhinn II***, taispeántar gur táscairí aschuir iad tromlach na dtáscairí CTED, agus nach bhfuil táscairí tionchair a thomhaiseann forbairt na tíre chomh coitianta céanna.

# Conclúidí agus moltaí

**84** Ar an iomlán, fuaireamar go raibh cláir ilbhliantúla tháscacha gheografacha a bhí cuimsitheach deartha ag an gCoimisiún agus SEGS inar tugadh aghaidh ar raon leathan de riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus de thosaíochtaí Eorpacha. D'aimsíomar easnaimh, áfach, sna modheolaíochtaí a bhí in úsáid chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha comhpháirtíochta agus i gcur ar bun an chreata faireacháin.

**85** Cé go raibh an Coimisiún agus SEGS tar éis an cistiú a thabhairt le chéile in aon ionstraim amháin, bhí dhá chur chuige éagsúla i leith leithdháileadh na gcistí in úsáid acu i dtaca le tíortha Comharsanachta agus tíortha Neamhchomharsanachta. I gcás na dtíortha Comharsanachta, níor ríomh an Coimisiún agus SEGS na leithdháiltí ar bhealach caighdeánaithe, inchomparáide agus trédhearcach d'fhonn an rian iniúchóireachta a éascú, bunaithe ar na critéir don leithdháileadh atá leagtha síos sa Rialachán maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ní raibh ar ár gcumas fuaimint na leithdháiltí a dheimhniú. Os a choinne sin, bhí na leithdháiltí chuig tíortha Neamhchomharsanachta ríofa ar bhealach níos caighdeánaithe, níos inchomparáide agus níos trédhearcaí, ag tógáil ar fhoirmle a léirigh prionsabail an chlársceidealaithe gheografaigh atá leagtha síos i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda. D'aimsíomar easnaimh, áfach, i gcur i bhfeidhm na foirmle sin (féach míreanna ***18***-***32*** agus ***Fíor 7***).

## Moladh 1 – Feabhas a chur ar an modheolaíocht chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha Comharsanachta, agus an mhodheolaíocht sin a bheith caighdeánaithe, inchomparáideach agus trédhearcach

Ba chóir don Choimisiún agus do SEGS, de réir a réimse freagrachtaí, na critéir don leithdháileadh a thiontú isteach ina dtosca intomhaiste ionas go bhféadfar cistiú a leithdháileadh ar na tíortha Comharsanachta ar bhealach caighdeánaithe, inchomparáideach agus trédhearcach.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: In am don chéad chlársceidealú eile**

## Moladh 2 – An mhodheolaíocht chun leithdháiltí a leagan síos do thíortha Neamhchomharsanachta a dhoiciméadú tuilleadh agus a chur i bhfeidhm go docht

Ba chóir don Choimisiún agus do SEGS na céimeanna go léir atá sa chur chuige cainníochtúil a chaighdeánú, tuairisc a thabhairt orthu i ndoiciméad aonair agus an cur chuige sin a chur i bhfeidhm go docht. Go sonrach, ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas sa doiciméad:

- tuairisc ar na tosca agus táscairí a úsáideadh, an chúis a bhí lena roghnú, agus foinsí sonraí atá barainneach;
- an nós imeachta chun tíortha a bhaint amach as an ríomh;
- tuairisc ar an bpróiseas céim ar chéim, lena n-áirítear stóráil na sonraí amha neamhphróiseáilte, na foirmlí le haghaidh gach céim agus cothabháil an riain iniúchóireachta;
- nós imeachta foirmiúil agus comhsheasmhach a bheith ann chun sonraí eile a aimsiú i gcomhair pointí sonraí atá in easnamh agus chun déileáil le heisceachtaí.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: In am don chéad chlársceidealú eile**

**86** Rinne an Coimisiún agus SEGS anailís ar an gcás ina raibh na tíortha comhpháirtíochta agus ar na riachtanais a bhí acu. Bhí na príomhghnéithe polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil i gceist leis na hanailísí. D’ullmhaigh na toscaireachtaí AE measúnuithe coinbhleachta i gcás inarbh ábhartha. Na réimsí tosaíochta don chomhar agus na hearnálacha gaolmhara a roghnaíodh, thug siad aghaidh ar riachtanais na dtíortha agus ar na tosaíochtaí Eorpacha, agus pléadh iad le raon leathan geallsealbhóirí.

**87** Bhí na réimsí tosaíochta a roghnaíodh leathan, rud a thugann solúbthacht ó thaobh oiriúnú do rudaí nach bhféadfaí a thuar, ach ar féidir leis teorainn a chur leis an bhfócas atá ag cistiú ón Aontas. Cé go bhfuil ceanglas i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a deir go gcaithfidh cláir gheografacha a bheith bunaithe ar an tionchar féideartha, níor léiríodh sna CITanna gurbh iad na hearnálacha idirghabhála a roghnaíodh na hearnálacha sin ina bhféadfadh cistiú ón Aontas tionchar ard a bheith aige. Ní dhearnadh comparáid idir na hearnálacha féideartha idirghabhála, rud a thabharfadh deis don Choimisiún agus do SEGS é sin a dhéanamh agus bonn cirt a thabhairt do leithdháileadh na gcistí idir na réimsí tosaíochta. Thairis sin, ní dhearna na toscaireachtaí AE anailís ar an gcaiteachas poiblí a bhí beartaithe sna hearnálacha agus

ní raibh ranníocaíochtaí beartaithe ó dheontóirí eile curtha san áireamh ach go pointe áirithe sna CITanna (féach míreanna ***33***-***54***).

## Moladh 3 – An mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag tacaíocht ón Aontas a shoiléiriú

Ba cheart don Choimisiún agus do SEGS a shoiléiriú, sna treoirlínte, cad í an mhodheolaíocht mheasúnaithe atá in úsáid chun a léiriú gurb iad na hearnálacha idirghabhála atá ag fáil tacaíochta na hearnálacha sin a bhfuil tionchar ard acu.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: In am don chéad chlársceidealú eile**

**88** Trí bliana a mhair an próiseas iomlán ón gcéim ullmhúcháin go dtí glacadh na CITanna. Tharla sé sin mar gheall ar thosca éagsúla, go sonrach mar gurbh éigean aird a thabhairt ar thionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19, agus mar go raibh moill ar Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda a ghlacadh (nár tharla go dtí Meitheamh 2021) agus ar an ngníomh tarmligthe gaolmhar a ghlacadh (Iúil 2021). Ansin, bhí formhór na CITanna glactha laistigh de shé mhí. D’fhág an próiseas sin go raibh tús mall curtha le gníomhaíochtaí NDICI-An Eoraip Dhomhanda.

**89** Rinne na toscaireachtaí AE anailís ar an úsáid a bhí beartaithe a bhaint as an gciste nua dar teideal an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus. Bhí obair as cuimse le déanamh ag na toscaireachtaí AE ar an anailís sin, obair a rinne siad le linn ullmhúchán na CITanna agus a chuir moill ar an ullmhúchán sin. Tá éiginnteacht ann faoin leibhéal úsáide a bhainfear faoi dheoidh as na cistí sin. Is módúlachtaí cur chun feidhme atá sa Chiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus, sna tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa agus sna tionscnaimh shuaithinseacha, agus ní léir cén ghá atá lena gcur san áireamh sna cláir ilbhliantúla tháscacha (féach míreanna ***55***-***70***).

## Moladh 4 – Fócas a chur le scóip an phróisis don chlársceidealú

Ba chóir don Choimisiún agus do SEGS fócas an phróisis don chlársceidealú a dhíriú isteach ar na gnéithe éigeantacha de na CITanna, agus na gnéithe neamhéigeantacha a chur siar go dtí céim an chur chun feidhme.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: In am don chéad chlársceidealú eile**

**90** Tá lear mór táscairí sna CITanna nach bhfuil aon chall iad a thuairisciú. Is táscairí sonracha a bhí i dtromlach mór na dtáscairí inár sampla, ach ós rud é go bhfuil bunlínte agus spriocanna doiléire i níos mó ná 20 % de na táscairí, nó go bhfuil bunlínte agus spriocanna in easnamh, beidh dúshláin ag baint le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sna táscairí sin. Ós rud é nach bhfuil táscairí coiteanna den Chreat le haghaidh Torthaí don Eoraip Dhomhanda á n-úsáid go comhsheasmhach, ní bheidh sé chomh héasca sin torthaí a chomhiomlánú ar leibhéal na hionstraime (féach míreanna ***71***-***83***).

## Moladh 5 – Táscairí CITanna a shimplí agus a chinntiú go mbaintear úsáid astu ar bhealach comhsheasmhach

Chun comhiomlánú sonraí ó na táscairí a éascú, ba chóir don Choimisiún agus SEGS an méid seo a leanas a chinntiú:

- go bhfuil táscairí an Chreata le haghaidh Torthaí don Eoraip Dhomhanda atá sna CITanna suite ar bhealach comhleanúnach agus comhsheasmhach agus go n-úsáidtear ar bhealach comhleanúnach agus comhsheasmhach iad;
- go bhfuil comhsheasmhacht idir na táscairí sna CITanna agus na táscairí atá sna Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla agus sna cláir;
- go bhfuil sainmhínithe, bunlínte agus spriocanna soiléire ann le haghaidh gach aon táscaire.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: In am don chéad chlársceidealú eile**


Ghlac Seomra III, faoi cheannas Bettina Jakobsen, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 25 Aibreán 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*


# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Amlíne an phróisis don ullmhúchán agus don chlársceidealú




*Foinse:* CIE.

# Iarscríbhinn II – Minicíocht na CTEDanna




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na CITanna.

# Giorrúcháin

**AS INTPA:** An Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

**AS NEAR:** An Ardstiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú

**CAI:** Creat Airgeadais Ilbhliantúil

**CCF:** An Coiste Cúnaimh Forbartha

**CEFI+:** An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus

**CITanna:** Cláir ilbhliantúla tháscacha

**CTED:** An Creat le haghaidh Torthaí don Eoraip Dhomhanda

**IBE:** An tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh

**NDICI-An Eoraip Dhomhanda:** An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda

**SEGS:** An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

**TFE:** Tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa

# Gluais

**ERASMUS+:** Clár an Aontais chun tacú le hoideachas, le hoiliúint, leis an aos óg agus le spórt.

**Logfhráma:** Doiciméad ina liostaítear cuspóirí agus forthorthaí le tagairtí do bhunlínte, do spriocanna agus do tháscairí.

**Meascadh:** An cleachtas a bhaineann le deontais an Aontais a chur le hiasachtaí nó cothromas ó mhaoinitheoirí poiblí agus príobháideacha.

# Freagraí ón gCoimisiún agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-14

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-14

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta III – Gníomhaíocht sheachtrach, slándáil agus ceartas, atá faoi cheannas Bettina Jakobsen (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Hannu Takkula (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Turo Hentila (Ceann na hOifige Príobháidí), Nita Tennila (Ataisé na hOifige Príobháidí), Alejandro Ballester Gallardo (Príomhbhainisteoir), Pietro Puricella (Príomhbhainisteoir), Piotr Zych (Ceann Cúraim) agus Aurelia Petliza agus Agnieszka Swiech (Iniúchóirí). Thug Laura McMillan agus Zoe Dennis tacaíocht teanga.




*Ó chlé:* Turo Hentila, Pietro Puricella, Piotr Zych, Nita Tennila, Hannu Takkula.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-0236-1 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/036 | QJ-AB-23-014-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-0211-8 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/658301 | QJ-AB-23-014-GA-N |

**Is éard é an clársceidealú ná an próiseas trína ndéanann an tAontas Eorpach a chuid tosaíochtaí don chomhar idirnáisiúnta a shainiú. Inár n-iniúchadh, rinneamar measúnú féachaint an ndearna an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí clárscdeidealú cuí ar an ionstraim nuachruthaithe ar a dtugtar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda. Fuaireamar go raibh na cláir gheografacha deartha go cuimsitheach agus gur thug siad aghaidh ar raon leathan de riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus de thosaíochtaí an Aontais, ach go raibh easnaimh sna modheolaíochtaí a bhí in úsáid chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha comhpháirtíochta agus sa chaoi a raibh an creat faireacháin curtha ar bun. Molaimd go ndéanfadh an Coimisiún agus SEGS feabhas a chur ar an modheolaíocht chun cistiú a leithdháileadh agus ar an measúnú ar an tionchar atá ag tacaíocht ón Aontas, go gcuirfidís fócas le raon feidhme an phróisis don chlársceidealú agus go simpleoidís na táscairí sna cláir ilbhliantúla tháscacha agus go mbainfidís úsáid chomhleanúnach as na táscairí sin.**

**Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.**

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors